D'athraigh comhthéacs beartais na heagraíochta freisin, de réir mar a aistríodh an turasóireacht isteach i bpunann na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta. Táimid thar a bheith buíoch as ceannaireacht agus tacaíocht an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, Peter Burke. Gabhaimid buíochas freisin leis na hoifigigh sa Roinn. Ag breathnú chun cinn, táimid dírithe ar leas a bhaint as na deiseanna a chuireann an Ráiteas nua um Beartas Náisiúnta Turasóireachta ar fáil. Leanfaimid orainn ag ailíniú go straitéiseach leis an mbeartas seo, le forbairt atá bunaithe ar fhianaise, ag cur le heispéiris chuartaíochta, ag neartú cumas gnó, ag tacú le pobail bhríomhara, agus ag cur todhchaí níos inbhuanaithe don turasóireacht chun cinn.

Tá comhoibriú lárnach chun earnáil turasóireachta láidir agus iomaíoch a fhorbairt agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe tionscail, lenár n-údaráis áitiúla agus lenár bpobail ar fud na tíre as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht lenár bhfoirne go náisiúnta. Is cuid ríthábhachtach agus dhinimiciúil de chreatlach eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann í an turasóireacht go fóill. Tá Fáilte Ireland tiomanta do thógáil ar an mbonn láidir seo, ag obair chun luach buan a sholáthar agus a chinntiú go leanfaidh an earnáil de bheith faoi bhláth do chuairteoirí, do ghnólachtaí agus do phobail araon.



Ruth Andrews

Ruth Andrews
Cathaoirleach



Caroline Bocquel

Caroline Bocquel
POF



Feidhmiú Eacnamaíoch na Turasóireachta

Tionchar Ioncaim Turasóireachta

Caiteachas iomlán ag cuairteoirí ó lasmuigh den stát (thar lear agus Tuaisceart Éireann)
€6.1 billiún

Caiteachas ar tháillí chuig iompróirí Éireannacha
€1.5 billiún

Caiteachas ó thurasóireacht intíre
€3.6 billiún

Caiteachas foriomlán turasóireachta in 2025 (intíre + idirnáisiúnta + fáltais iompróra)
€11.2 billiún


Ioncam an rialtais ó cháin turasóireachta
€3.3 billiún

% athrú ar thurais thar lear i gcomparáid le 2024
-3% turais

% athrú ar chaiteachas thar lear i gcomparáid le 2024
-8% caiteachas

An sciar den ioncam turasóireachta atá ag an státchiste agus an sciar a choinnítear go háitiúil

As gach €1 a chaitheann cuairteoirí isteach agus intíre, tagann 29c ar ais chuig an Státchiste chun íoc as seirbhísí poiblí, a luaithe a bhreithnítear an cánachas ó thionchair níos leithne na turasóireachta



Foinse: Meastacháin Fáilte Ireland bunaithe ar Thaisteal Isteach ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhé na Gníomhaireachta Tuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde ar Phaisinéirí Thuaisceart Éireann (NISRA NIPS).

Faoi réir slánaithe.

Margadh an tSaothair agus Fostaíocht

Tacaíonn gach **€1m** i gcaiteachas turasóireachta le **20** fostaí[1]

Líon iomlán na bpost a fhaigheann tacaíocht ó thurasóireacht ar fud na tíre

229,400[2]

% fáis san fhostaíocht in earnáil na turasóireachta bliain ar bhliain


ardú **+0.3%** bliain ar bhliain

% de phoist turasóireachta i gcomparáid le tionscail eile

Oibríonn beagnach duine as gach deichniúr

1-as-10 fostaithe ar fud na tíre sa turasóireacht

Tionchar tuaithe i gcomparáid le tionchar uirbeach mar % de na poist lasmuigh de Bhaile Átha Cliath



~70% tá beagnach 70% de na poist ar fud 'Gnólachtaí Thionscail na Turasóireachta' lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.[4]

1 Díorthaithe trí ioncam iomlán na turasóireachta a roinnt ar líon na bpost a fhaigheann tacaíocht ón turasóireacht ar fud na tíre.


2 Foinse: Meastacháin Mhíosúla na Príomh-Oifige Staidrimh ar Fhostaithe Párolla a úsáideann Foinsí Sonraí Riaracháin. Chun meastachán bliantúil a ghiniúint, úsáidtear líon na bhfostaithe i nGnólachtaí Turasóireachta do mhí Lúnasa mar go léiríonn sé seo an tréimhse ina mbíonn buaicghníomhaíocht turasóireachta ann.

3 Measta trí líon na bhfostaithe i nGnólachtaí Turasóireachta a roinnt ar líon na bhfostaithe in earnálacha eacnamaíocha uile NACE, de réir mheastachán míosúil na Príomh-Oifige Staidrimh ar fhostaithe párolla i Lúnasa 2025.

4 Úsáidtear sciar na bpost in Earnáil na Seirbhísí Lóistín agus Bia ar leibhéal 3 in aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a gabhadh sa Suirbhé ar an Lucht Saothair mar 'ionadaí' don scaipeadh réigiúnach fostaithe i nGnólachtaí Turasóireachta.

GRAFAIC 1

AN BHLIAIN I BHFIGIÚIRÍ



€11.2 billion
in total tourism earnings

Éireann	€3.6= billiún
Thar Lear	€5.7↓ billiún
Tuaisceart Éireann	€0.5↑ billiún
Fáltais Iompróra	€1.5= billiún

Faoi réir slánaithe.

Fáltais Turais Lae	€1.2↑ billiún

An sainmhíniú a luaitear le cuairteoir turasóireachta a bhfuil oíche aíochta san áireamh ina t(h)uras. Chuige sin, níl ioncam turais lae san áireamh i ríomh an tuillimh thurasóireachta.

Ioncam Státchiste luach
€3.3 billiún

Cuirtear **29c as gach €1** a chaitheann cuairteoir ar ais sa Státchiste chun íoc as na seirbhísí poiblí.

229,400
Fostaí ag obair i ngnóthaí Turasóireachta

1 as 10
bhfostaí go náisiúnta

70%
Poist turasóireachta lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath

46,000
Fiontar Turasóireachta
POS 2019 Cuntas Sataillte Turasóireachta

GRAFAIC 2

SCIAR IONCAIM DE RÉIR CHUSPÓIR NA CUAIRTE

Turasóirí Thar Lear

Bunaithe ar phríomhchuspóir na cuairte

Lucht Saoire	49%
CCG	22%
Gnólacht	14%
Eile	15%

Turasóirí Baile

Bunaithe ar phríomhchuspóir na cuairte

Lucht Saoire	62%
CCG	18%
Gnólacht	7%
Eile	13%

IONCAM BUNAITHE AR PHRÍOMH-MHARGAÍ THAR LEAR

35%	Meiriceá Thuaidh €2bn
24%	An Bhreatain Mhór €1.4bn
32%	Mór-roinn na hEorpa €1.8bn
8%	Ceantair Eile €0.5bn



Tagraíonn CCG do chuairt ar chairde agus gaolta


Foinsí don leathanach seo:

Turais, ioncam de réir margaidh agus chuspóir na cuairte, admhálacha iompróra – Meastacháin Fáilte Ireland bunaithe ar Shuirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) ar Thurasóireacht Isteach agus na Gníomhaireachta Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA) ar Phaisinéirí Thuaisceart Éireann.

Cuspóir Chuairt na dTurasóirí Intíre, Ioncam agus Turais Lae – Suirbhé Taistil Teaghlaigh CSO.

GRAFAIC 3


LEATHADH RÉIGIÚNACH NA DTURAIS TURASÓIREACHTA AGUS CAITEACHAS, 2025



Foinse: Meastacháin Fáilte Ireland bunaithe ar a Shuirbhé ar Thaistealaithe Thar Lear (SOT), CSO, NISRA.

GRAFAIC 4

FOSTAÍOCHT TURASÓIREACHTA DE RÉIR RÉIGIÚN NUTS 3 – 2025



Foinse: Áirimh Fáilte Ireland bunaithe ar shonraí CSO.

Úsáidtear an sciar de phoist in Earnáil na Seirbhíse Cóiríochta agus Bia ar leibhéal NUTS 3 a fuarthas sa Suirbhé ar Fhórsa Oibre mar 'athróg ionadach' ar leathadh réigiúnach na bhfostaithe sa Ghnólachtaí Turasóireachta.

Figiúirí arna shlánú go dtí an 100 is gaire. An sciar de phoist iomlána sa Ghnólachtaí Turasóireachta idir lúibíní.



Athbhreithniú ar an mBliain

Forbairt Réigiúnach

Bhí an fhorbairt réigiúnach chothrom fós ina tosaíocht sa bhliain 2025. D'oibrigh Fáilte Ireland le húdaráis áitiúla, cuideachta stáit, pobail agus gnólachtaí chun cinn scríbe a neartú, bonneagar a bharrfheabhsú agus fás inbhuanaithe a thacú.

Threoraigh na Pleananna Forbartha Ceann Scríbe agus Eispéiris (DEDPS) forbairt turasóireachta fhadtéarma ar fud na réigiún. Tugtar le chéile comhpháirtithe áitiúla de bharr na bpleananna sin a chomhchruthaíodh maidir le spriocanna comhroinnte agus gníomhaíochtaí tosaíochta comhaontaithe thar réimsí amhail forbairt táirge agus eispéiris, easnaimh maidir le bonneagair, líonraí earnála agus pobail, turasóireacht cócaireachta, agus rochtain áitiúil agus riachtanais iompair. Tá sé mar aidhm acu cinn scríbe níos láidre agus níos sláintiúla a chruthú do na páirtithe leasmhara uile.

Sa bhliain 2025, bhí 22 DEDPanna beo ar fud na tíre. Thacaigh na pleananna sin le tionscadail náisiúnta agus bhí seacht DEDP nua a seoladh le linn na bliana san áireamh. Lean siad orthu ag soláthar bonn láidir d'fhorbairt réigiúnach, ag tacú le os cionn 1,800 tionscadal, agus maoirseacht á dhéanamh ar gach ceann acu ag grúpaí áitiúla stiúrtha agus ionadaithe earnála áitiúla ina gcomhchathaoirleach orthu.




Dublin™

BAILE ÁTHA CLIATH

Seoladh DEPD Chathair Bhaile Átha Cliath in Iúil 2025, rud atá ina chloch míle mhór ó thaobh todhchaí na turasóireachta don chathair a chruthú de. Leagtar amach sa phlean réimse tionscadal forbartha cinn scríbe atá dírithe ar shéasúr na turasóireachta a leathnú, iniúchadh níos faide ná na háiteanna móra turasóireachta traidisiúnta a spreagadh, agus tairiscint do chuairteoirí a éagsúlú. Leagtar treochlár soiléir amach sa DEPD seo, le gníomhaíochtaí tacaíochta le bheith seachadadh thar saolré an phlean, chun stádas Bhaile Átha Cliath mar cheann scríbe turasóireachta a bhfuil cáil dhomhanda air a neartú.

Soláthróidh dhá DEDP eile, Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Cósta Bhaile Átha Cliath, lena cur i gcrích in 2026, clúdach iomlán ar fud na tíre, agus tá comhairle fhairsing na bpáirtithe leasmhara ag cur leo chun gníomhaíochtaí saincheaptha agus freagracha a chinntiú, gníomhaíochtaí a thiocfaidh le sainriachtanais.

Chuir an clár Winter in Dublin le stádas na príomhchathrach a chur chun cinn mar ceann scríbe beoga is gá cuairt a ghlacadh air ó Shamhain go Eanáir, ag tacú le leathadh séasúrach agus ag cur le geilleagar cuairteoirí ó cheann ceann na bliana atá níos seasmhaí. Trí mheascán de mhargaíocht, gníomhachtú earnála, forbairt eispéiris agus comhoibriú trasearnála, leanann an tionscnaíocht léi ag fás le cláir shéasúracha nua fheabhsuithe, lena n-áirítear an t-imeacht seolta rathúil Dublin by Night. Is é príomhchuid dá rath ná glacadh níos fairsinge a chur chun cinn thar eagraíochtaí earnála agus comhpháirtithe, ag tacú leo chun a ngnólachtaí a fhás agus ag neartú thairiscint gheimhridh Bhaile Átha Cliath ag an am céanna.

Bhí bia, seanchas agus rannpháirtíocht earnála mar chuid den obair. I ndiaidh Iniúchta Turasóireachta ar Bhia agus ar Dheoch do Bhaile Átha Cliath in Eanáir 2025, cuireadh tús le feidhmiúcháin an phlean, le fócas ar chothú cumais agus forbairt eispéiris ar fud na hearnála. Seoladh clár píolótach le Fingal Food Circle i Meán Fómhair chun eispéiris bhia agus dhí atá réidh don mhargadh a fhorbairt, agus pleananna ann chun feidhmiú iomlán a chur i bhfeidhm ar fud an réigiúin in 2026.




Cuireadh an clár trí-bliana i gcrích le Forais Chultúrtha Náisiúnta, rud a thacaíonn le seachadadh eispéiris láidre do chuairteoirí mar chuid den fhócas níos fairsinge ar thairiscint Bhaile Átha Cliath a bharrfheabhsú agus a éagsúlú.

Leathnaíodh Conair Cósta Bhaile Átha Cliath chun Baile Brigín, Domhnach Bat, Cluain Tarbh/Cnocán Doirinne, Calafort Bhaile Átha Cliath agus an Charraigh Dhubh a chur san áireamh, le hoibreacha atá le críochnú sa chéad leath de 2026. Ó a seoladh é in 2022, spreag an conair cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta chun iniúchadh a dhéanamh ar nithe is díol spéise ar chósta Bhaile Átha Cliath, agus thacaigh an conair le gnólachtaí beaga agus meánmhéide lasmuigh de lár na cathrach.



IRELAND'S ANCIENT EAST ®



SEAN-OIRTHEAR NA HÉIREANN

Lean Sean-Oirthear na hÉireann leis ag cur forbairt ceann scríbe chun cinn in 2025 trí sheachadadh DEDPanna agus trí chomhoibriú níos láidre ar fud na réigiúin. Seoladh Plean Forbartha Cheann Scríbe agus Eispéireas Loch Garman in Iúil. Choinnigh an Plean Loch Garman, a seoladh i Márta, móiminteam trí phríomhthionscadail chumasúcháin a chur chun cinn, lena n-áirítear straitéis do scaipeadh agus do threoshuíomh na gcuairteoirí dírithe ar an turasóireacht a fhás ar fud an chontae, agus leanadh le forbairt nithe scála is díol spéise a fhorbairt i gCathair Loch Garman.

Rinneadh dul chun cinn ar obair féidearthachta ar ní scála is díol spéise i gCathair Chorcaí, agus cuireadh Plean Turasóireachta Chuan Chorcaí ar aghaidh, agus táthar ag súil go mbeidh sé curtha i gcrích i Nollaig 2026.

Rinneadh dul chun cinn ar an bpleanáil maidir leis an gcéad chéim eile de na pleananna, agus bhain Cill Mhantáin céim dheiridh na forbartha amach agus tá obair fós ar bun i gCeatharlach agus i Laois. Méadaíodh cumas fáis idirnáisiúnta trí Phleananna Díolachán agus Margaíochta Idirnáisiúnta a chur i gcrích do Loch Garman agus Horse Country, a chlúdaíonn Cill Dara agus Tiobraid Árann.

Cuireadh forbairt trasteorann ar aghaidh trí Thionscnaimh Oileáin Chomhroinnte, lena n-áirítear Máistirphlean Barrfheabhsaithe Cuairteoirí Loch Chairlinn i gContae Lú agus tionscadal Shliabh Beatha i gContae Mhuineacháin. Cuireadh tionscadail cinn scríbe cumasúcháin ar aghaidh chomh maith trí chomheagar idir údaráis a fheabhsú, agus leanadh le hobair ar threoshuíomh glasbhealaigh do chuairteoirí amhail treoracha, léarscáiliú agus treochomharthaíocht ag an gCanáil Ríoga agus ag Conair an tSean Iarnróid. Tá níos mó ná 500 ionadaí earnála agus pobail rannpháirteach go gníomhach i mbraislí forbartha ar fud an réigiúin.



Ireland's Hidden HEARTLANDS





CROÍLÁR CEILTE NA HÉIREANN

Leanadh leis an bhfeidhmiúchán ar DEDP Loch Deirgeirt agus seoladh DEDP nua do réigiún na Sionainne Uachtarach, na Sionainne-na hÉirne agus Teorann, a chlúdaíonn Liatroim, an Cabhán agus tuaisceart Ros Comáin. Ag an am céanna, tionscnaíodh trí DEPD eile i réigiún na Sionainne Láir agus Lár na Tíre, in Oirthear na Gaillimhe agus i mBealach Eabhra.

Shínigh Fáilte Ireland comhaontú ceadúnúcháin le Turasóireacht Thuaisceart Éireann chun cead a thabhairt do ghnólachtaí turasóireachta incháilithe i bhFear Manach branda Chroílár Ceilte na hÉireann a úsáid.

Chuaigh Fáilte Ireland i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla an Chabháin agus Fhear Manach chun iarratas rathúil a dhéanamh faoi Ciste Oileáin Chomhroinnte, chun Geopháirc Bhinn Cuailceach a fhorbairt níos mó sna blianta atá le teacht.

Infheistíodh iarracht mhór chun líonraí earnála ar fud na réigiúin a fhorbairt, agus tá comhoibriú níos láidre, cumas feabhsuithe agus promóisean níos mó idir ghnólachtaí turasóireachta mar thoradh air sin, rud a chur le neartú fhéiniúlacht na háite. Tacaíonn an obair seo le gnólachtaí a chistiú trí Chiste um Aistriú Cóir an AE trí rochtain ar líonraí tacaíochta láidre a chur ar fáil, líonraí a uasmhéadaíonn tionchar na hinfheistíochta agus a thacaíonn le inbhuanaitheacht fhadtéarma.




WILD ATLANTIC WAY ®

SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN

Ar fud Shlí an Atlantaigh Fhiáin, seoladh DEDP Chathair na Gaillimhe agus DEDP Cósta Aille in 2025, ag clúdaigh Tuaisceart Chiarraí agus Iarthar an Chláir.

Tá 16 DEDP ann faoi láthair sa réigiún – tá trí cinn déag acu sa chéim feidhmiúcháin agus trí cinn sa dréachtchéim – le bainistíocht réamhghníomhach de níos mó ná 550 páirtí leasmhara earnála agus 70 tionscadal bheo.

Anuas ar rath Shlí an Atlantaigh Fhiáin, scéim infheistíochta an Oileáin Chomhroinnte 'Cósta go Cósta', a dhearadh chun nithe reatha is díol spéise do chuairteoirí agus eispéiris i gcontaetha ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus ar Bhealach Cósta an Chlocháin a nuashonrú, leantar le hinfheistíocht faoin scéim atá le fógairt in 2026.

Is í seo an chéad scéim turasóireachta trasteorann a sheol Fáilte Ireland, Tourism Ireland agus Tourism Northern Ireland.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal comhoibriú trasteorann a chothú, forbairt turasóireachta inbhuanaithe a chur chun cinn, agus eispéiris níos cuimsithí a chruthú ar fud oileán na hÉireann, agus leithdháileadh ciste do 13 ní is díol spéise, agus ocht gcinn dóibh i bPoblacht na hÉireann.

Beidh an ciste á úsáid chun tacú le forbairt agus feabhsú nithe reatha is díol spéise agus eispéiris ar fud chontae Dhún na nGall, contae Shligigh, agus cuid de Liatroim i Slí an Atlantaigh Fhiáin, chomh maith le codanna i gcontaetha amhail Doire agus Aontroim ar Bhealach Cósta an Chlocháin.



Chuir obair forbartha réigiúnacha in 2025 feabhas ar dháileadh na gcuairteoirí, tacaithe ag chomhpháirtíochtaí áitiúla agus ardtionscnaimh an Oileáin Chomhroinnte. Léiríonn scála an ghníomhaithe DEDP móiminteam láidir réigiúnacha, rud a chuireann le plean na gcinn scríbe maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarma.

Leantar leis an dul chun cinn trí Scéim na mBailte Cinn Scríbe, scéim a thacaíonn le húdaráis áitiúla chun mealltacht na mbailte a fheabhsú ar fud na tíre. Chuir feabhsúcháin a sheachaid an scéim seo le heispéiris feabhsuithe do chuairteoirí agus le neartú an bhróid áitiúil.

Cuirfear feidhmiúcháin bhreise DEDP in 2026 le forbairt a dhoimhniú i gcinn scríbe nach bhfuil chomh aibí sin, Croílár Ceilte na hÉireann san áireamh. Leanfaidh Fáilte Ireland leis ag obair in éineacht le pobail, le gnólachtaí agus le húdaráis áitiúla chun fás réigiúnach cothrom a chothú, féiniúlacht cinn scríbe a bharrfheabhsú agus eispéiris ar fud na tíre a fheabhsú.

Deontais Infheistíochta agus Nithe is Díol Spéise do Chuairteoirí

Cuireann Fáilte Ireland ciste deontais infheistíochta spriocdhírithe ar fáil chun tacú le forbairt réigiúnacha agus eispéiris cuairteoirí a fheabhsú. Sa bhliain 2025 chuir an ciste seo le húdaráis áitiúla, le cuideachtaí stáit agus le hoibritheoirí uasghrádú a dhéanamh ar nithe is díol spéise, bonneagar a atreisiú agus eispéiris nua a chur ar fáil. Thacaigh an infheistíocht le heispéiris ardchaighdeáin, neartaigh sí gnólachtaí turasóireachta beaga agus meánmhéide, agus chabhraigh sí le pobail buntáistí a bhaint as turasóireacht inbhuanaithe.

Bhain roinnt mórthionscnamh clocha míle móra amach. D'athoscail Músaem Beag Bhaile Átha Cliath a fuair infheistíocht deontais ceadaithe de €1.7 milliún faoin Scéim Mórdheontais Chaipitiúil, agus cuireadh críoch le Emily Square i mBaile Átha Í i ndiaidh athfhorbairt de €2.7 milliún faoi Chiste um Aistriú Cóir an AE.

I bPáirc Náisiúnta Chonamara, cuireadh an chéad chéim d'fhorbairt na conaire i gcrích, lena n-áirítear conair céadfach 1.6 ciliméadar atá oiriúnach do gach duine atá le hoscailt in 2026. Cuireadh nuashonraithe an ionaid cuairteora i gcrích sa Cheathrú Mhór agus in Inis Mór, agus rinneadh dul chun cinn ar an tógáil ar Mhúsaem Chill Chainnigh Mheánaoiseach faoin Scéim Mórdheontais Chaipitiúil.

I Loch Garman, d'oscail an chéad saoráid Spóirt Uisce Árdáin le Fás 2 i gCurrach Cló i Lúnasa. Cuireadh saoráidí cosúla ag Loch na nAcraí agus Baile Uí Chogaráin sa Chlár i gcrích, agus tá siad le hoscailt don bhliain 2026. Cuireadh tús le tógáil ar tionscnamh nua chun Pointe Sár-Radhairc Shlí an Atlantaigh Fhiáin ag Ceann Bhré, Dairbhre, a nuashonrú, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chiarraí i ndiaidh infheistíocht deontais cheadaithe de €2.13 milliún ó Fáilte Ireland. Tá sé ar cheann de na 187 pointe ar an mbealach 2,500 ciliméadar; gach ceann acu marcáilte le cuaille eolais sainiúil agus iad le hoscailt don bhliain 2026.

Leanadh le Clár Turasóireachta agus Comhfhorbartha Áite Athghiniúnaí de chuid Fáilte Ireland, arna cistiú trí Chiste um Aistriú Cóir an AE, ar fud Lár na Tíre. Thacaigh an clár €68 milliún le hathúsáid na talún portaigh, le héagsúlú an gheilleagair réigiúnaigh, le cruthú post, agus le forbairt bithéagsúlachta agus pobail. Tacaíonn an clár le 83 tionscnamh gnóthas beag agus meánmhéide (SME), 65 tionscnamh claochlaithe digitigh, trí thionscnamh conaire agus 26 tionscnamh gníomhaireachta stáit agus údarás áitiúil.

Fógraíodh suas go €23 milliún i gciste an Oileáin Chomhroinnte do thionscnaimh thurasóireachta sa Chabhán agus i bhFear Manach, sa Lú agus sa Dún agus i Muineachán, i dTír Eoghain agus i bhFear Manach. Tacófar an ciste sin le conairí trasteorann, feabhsúcháin ar shaoráidí agus ar léiriúchán, agus cuirfidh sé le gníomhaíochtaí margaíochta Tourism Ireland thar sáile.

Leanfaidh Fáilte Ireland leis ag tacú le hinfheistíocht chaipitiúil in 2026. Stiúrfaidh beartais nua ar Thurasóireachta Inrochtana agus Ionchuimsitheach, Forbairt Inbhuanaithe, Bithéagsúlacht agus Comhfhorbairt Áite Turasóireachta, arna cheadú in 2025, infheistíocht sa todhchaí. Leanfadh leis an straitéis infheistíochta nua do thurasóireacht a fhorbairt in 2026, ag stiúradh conas a thacaíonn an ciste le forbairt réigiúnacha agus le heispéiris láidre do chuairteoirí ar fud na tíre sa todhchaí.

Aistriú Cóir an AE

Cruthaíodh Ciste um Aistriú Cóir an AE (JFT) chun tacú le réigiúin agus pobail san Eoraip ar a bhfuil an tionchar is diúltaí orthu ó thaobh aistriú na haeráidneodrachta de agus chun aistriú socheacnamaíoch a spreagadh.

In 2025 lean an Ciste um Thurasóireacht Athghiniúnach agus Comfhorbairt Áite de chuid Fáilte Ireland de €68 milliún ó 2023 go 2026, arna chistiú ag Ciste um Aistriú Cóir an AE, leis ag tacú le réigiún Lár na Tíre chun aistriú ó táirgeacht mhóna go turasóireacht inbhuanaithe.

Lean dhá phríomhchuid den tionscnamh ar aghaidh faoi dhlús – athghiniúint agus athúsáid na talún portaigh trí líonra conairí a fhorbairt i gcomhar le Bord na Móna (BnM) agus trí cheadú ciste faoi scéimeanna deontais atá ar fáil do SMEnna príobháideacha agus pobail, d'Údaráis Áitiúla agus do ghníomhaireachtaí stáit.

In 2025, d'fhógair Fáilte Ireland infheistíocht de bheagnach €45 milliún i Scéim um Thurasóireacht Athghiniúnach agus Comfhorbairt Áite JFT an AE do thionscnaimh turasóireachta ar fud fhearann JFT an AE.

Bronnadh deontas infheistíochta €11.6 milliún do 61 tionscnamh príobháideach agus pobail. Díreoidh na tionscnaimh laistigh den scéim sin ar fheabhsú eispéireas na gcuairteoirí, ar chóiríocht inbhuanaithe do thurasóirí, agus ar inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht agus ar thurasóireacht athghiniúnach. Ceadaíodh 27 tionscnamh claochlaithe digitigh breise in 2025. Lena n-áirítear sna tionscnamh a cuireadh i gcrích faoin scéim sin in 2025, tá Ethical Tours i gCo an Longfoirt agus Making Tracks i gCo Laoise.

Tá 26 tionscnamh dar luach €25.3 milliún d'infheistíocht agus deontas i gcabhair di le hÚdaráis Áitiúla agus Gníomhaireachtaí Stáit. Ceadaíodh formhór na dtionscnamh sin in 2024 agus ceadaíodh infheistíocht de €261,258 in 2025 chun bonneagar turasóireachta, saoráidí agus eispéiris cuairteoirí fheabhsuithe a sheachadadh. I measc na tionscnamh a cuireadh i gcrích go rathúil agus a osclaíodh in 2025 bhí Emily Square. Rinneadh athfhorbairt ar Emily Square i ndiaidh infheistíocht de €2.7 milliún chun tacú le forbairt inbhuanaithe Bhaile Átha Í mar phríomhcheann scríbe turasóireachta i Sean-Oirthear na hÉireann.

Beidh an spás ina chroílár turasóireachta do Bhaile Átha Í, agus beidh sé ina ionad d'imeachtaí, ina phointí teagmhála agus scíthe do mhuintir na háite agus do chuairteoirí, agus ina thairseach óna mbeifí in ann iniúchadh a dhéanamh ar oidhreacht shaibhir an bhaile agus sult a bhaint as an mBearú de shiúil na gcos, ar an rothar, nó ar bhád.

Cuireadh tús leis an obair ar líonra na conairí san Iarmhí agus i Longfort, agus tá an obair seo mar chuid de chomhpháirtíocht le Bord na Móna a sheachadfaidh líonra de chonairí atá inrochtana go huilíoch ar fud codanna oiriúnacha dá bhunachar talún laistigh d'fhearann JFT an AE. Beidh tairseacha, carrchlóis, agus athshonraithe droichid san áireamh sna conairí nua. Leanfar leis an obair ar chonairí Uíbh Fhailí in 2026.

Lean Gníomhachtóirí Turasóireachta Contae thar Comhairlí Contae ar fud na gComhairlí Contae rannpháirteacha orthu ag tacú le forbairt eispéiris turasóireachta inbhuanaithe ardchaighdeáin, scileanna agus cumas na ndeontaithe a fheabhsú, agus ag éascú tras-chomhoibriú trí himeachtaí líonraithe éagsúla.

Thacaigh an scéim le 82 rannpháirtí ar an gclár Líonra Foghlama Turasóireachta chomh maith le os cionn 3,300 uair a chloig de fhoghlaim ó cuireadh tús leis an gclár in 2024. Bhí na gnólachtaí seo i láthair ar cheardlanna líonraithe i bpearsa chomh maith le seisiúin bheo ar líne chun a gcumas a threisiú i roinnt réimsí dá ngnó amhail rochtain agus ionchuimsiú, inbhuanaitheacht, pleanáil gnó, margaíocht agus digiteach. Tacaíodh le 65 rannpháirtí sa Chlár um Claochlú Digiteach chomh maith i roinnt réimsí ag brath ar riachtanais a ngnó, lena n-áirítear forbairt suímh gréasáin agus ábhar atá inrochtana, margaíocht digiteach agus innill áirithinte feabhsuithe.

Agus formhór an chiste leithdháilte ag deireadh na bliana 2025, beidh an-chuid de na tionscnaimh seo curtha i gcrích in 2026 agus beidh siad ar oscailt go hoifigiúil do chuairteoirí, ag cinntiú go bhfuil tionchar claochlaithe na infheistíochta seo á léiriú agus gur féidir é a mhargú do chuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta agus gur féidir leo sult a bhaint as.

Athléimniú Fiontair

Thacaigh Fáilte Ireland le gnólachtaí turasóireachta in 2025 trí thraenáil phraiticiúil, foghlaim dhigiteach, clinicí gnó agus sainchomhairliúchán chun cumas a neartú agus chun dul i ngleic le coinníollacha an mhargaidh atá ag athrú. Ghlac níos mó ná 900 gnólacht agus 5,200 fostóir agus fostaí páirt i 250 clár agus tacaíocht dírithe ar fheidhmiúchán agus pleanáil fhadtéarma a fheabhsú.

GNÍOMHACHTÚ AN CHLÁIR

Thug Fáilte Ireland F&B360 isteach, clár ceannaireachta straitéiseach atá dírithe ar fheidhmiúchán agus iomaíochas bia agus dí a fheabhsú. San áireamh sa chéad ghrúpa bhí 55 gnólacht ó óstáin agus nithe is díol spéise do chuairteoirí. Chuir an clár uirlis measúnaithe ar riachtanais agus tuairisc shaincheaptha ar fáil le go mbeidh gnólachtaí in ann a dtosaíochtaí maidir le feidhmiúchán agus gníomhaíochtaí a thuiscint le comhairle ó comhairleoir.

Áiríodh sna cláir bhreise bhí Praghsáil Bunaithe ar Luach d'Óstáin agus Ticéid Straitéiseacha d'Eispéiris Cuairteoirí, an dá ceann araon deartha chun tacú le cinnteoireacht tráchtála fheabhsuithe.

AG TACÚ LE GNÓLACHTAÍ

Thacaigh ceithre chlár Réidh do Dhíolacháin le 114 gnólacht agus iad ag forbairt eispéiris a bhí réidh don mhargadh agus a gcumais maidir le trádáil a dhéanamh i mhargaí intíre agus idirnáisiúnta a neartú. Léiríodh sna measúnachtaí go raibh feabhas tagtha ar mhuinín agus ar chinnteoireacht.

Chabhraigh trí chlár Idirnáisiúnaithe Díolacháin le 35 gnólacht agus iad ag cruthú cumais d'fhorbairt díolachán idirnáisiúnta.

Thacaigh Clinicí Bainistíochta ar Chostas le gnólachtaí agus iad ag déanamh bainistiú ar bhrúnna feidhmiúcháin, go háirithe maidir le saothar agus párolla. Ghlac níos mó ná 50 gnólacht páirt, agus thuairiscigh líon mór go raibh feabhas tagtha ar bhainistiú costais.

Cuireadh léiriúcháin phraiticiúla ar fáil i bhféilire náisiúnta ar sheisiúin foghlama ghearra thar réimse leathan topaicí tráchtála, agus seachadadh 59 seisiún beo in 2025.

FREAGRAÍ DEARFACHA AR STRAITÉISÍ

Léirigh aiseolas ó rannpháirtithe thar na cláir uile go raibh feabhas tagtha ar mhuinín, ar chumas agus ar thorthaí tráchtála. Dheimhnigh measúnachtaí go raibh dul chun cinn mór déanta ar fhorbairt cumais agus tionchar gnólachta.

Neartaigh cláir athléimneachta de chuid Fáilte Ireland cumas na ngnólachtaí turasóireachta in 2025. Thuairiscigh na gnólachtaí feabhsúcháin ar chinnteoireacht tráchtála, rialú costais, straitéisí praghsála agus forbairt díolachán idirnáisiúnta. Thacaigh na cláir le gnólachtaí agus iad ag tabhairt aghaidh ar chostais a bhí ag dul i méid agus dúshláin feidhmiúcháin chomh maith.

Stiúrfaidh an cur chuige rathúil a léirigh an Clár F&B 360 treo Creat Tráchtála Athléimneachta níos fairsinge d'earnáil na turasóireachta in 2026, a dearadh chun feidhmiúchán a fheabhsú, brabúsacht a chur chun cinn, fás a thacú agus athléimneacht a neartú thar an earnáil.

Mar chuid de sin, leanfaidh an clár F&B 360 agus Clinicí Bainistíochta ar Chostas ar aghaidh le linn 2026 mar fhreagairt ar brúnna atá ag athrú san earnáil, ag soláthar tacaíochtaí praiticiúla atá ag teastáil chun déileáil le dúshláin leanúnacha maidir le costas agus feidhmiúchán do ghnólachtaí.

Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú

D'fhan inrochtaineacht agus ionchuimsiú mar phríomhaidhmeanna i bhforbairt na turasóireachta in 2025. Bhain 67 Laoch Inrochtaineachta iniúchtaí inrochtaineachta saincheaptha agus sainoiliúint amach trí thionscnamh earnála óstáin a dearadh chun dea-chleachtas a neadú sa réimse seo. D'fhorbair gnólachtaí a bhí rannpháirteach Treoracha Fáilte Rochtana chun a ngnéithe inrochtaineachta a léiriú go soiléir ar a suíomhanna gréasáin do chuairteoirí.

Tríd an gCiste um Aistriú Cóir de chuid an AE, thacaigh Fáilte Ireland le naoi ngnólacht maidir le feabhsúcháin inrochtaineachta agus ionchuimsithe ag croílár a dtionscnamh. Tá feabhsúcháin inrochtaineachta mar chuid de thionscnaimh 31 gnólacht eile.

Ag tógáil cumas breise sa réimse seo, bhain beagnach 500 gnólacht modúl traenála Inrochtaineachta agus Ionchuimsithe amach, agus thuairiscigh beagnach gach ceann acu go raibh feabhas tagtha ar chinnteoireacht. Thacaigh 24 tionscnamh tras-eagraíochta le glacadh le cleachtais atá inrochtana agus ionchuimsitheach thar an earnáil.

Chuir comhpháirtíochtaí níos láidre le heagraíochtaí tathanta agus teagmháil leanúnach thar an earnáil n-uaillmhian chun Éire a atreisiú mar cheann scríbe ina bhfuil inrochtaineacht ina chuid dílis d'eispéireas na gcuairteoirí agus mar fhoinse deise tráchtála inbhuanaithe.



Digiteach a Sheachadann

Lean Fáilte Ireland leis ag tacú le forbairt dhigiteach sna gnólachtaí turasóireachta in 2025, ag cuidiú leo chun rannpháirtíocht custaiméirí, oibríochtaí agus feidhmiúcháin ar líne a fheabhsú. Chuir an clár Digiteach a Sheachadann tacaíocht struchtúrtha, maoiniú agus comhairle leanúnach ar fáil chun cuidiú le gnólachtaí uirlisí digiteacha a ghlacadh go héifeachtach. Rinneadh iarracht leis an gclár chun tacú le gnólachtaí a bhí rannpháirteach chun inrochtaineacht ar a suíomhanna gréasáin a fheabhsú, agus mar thoradh air sin bhí eolas ar fáil ar bhealach níos cuí.

Tá cumais dhigiteacha neartaithe ag níos mó ná 600 gnólacht thar eispéiris na gcuairteoirí, féilte agus cúrsaí gailf tríd an gclár ó a cuireadh tús leis; agus mar thoradh air sin tháinig méadú ar chuardaigh, áirithintí agus ioncam ar líne. Ceadaíodh €6.3m san iomlán le haghaidh infheistíochta sa chlár sin in 2025.

Barrfheabhsaíodh tionscnaimh nua saineolas thar an earnáil, lena n-áirítear seoladh Ardáin Léargas Digiteach chun tacú le cinnteoireacht ar líne níos cliste. Cuireadh tús le hobair ar Phlean Aistrithe do Thurasóireacht Digiteach don tréimhse 2026–2030. Méadaíodh comhoibriú tríd an obair le Moil Nuálaíochta Digitíl Eorpacha, agus tugadh creat measúnaithe aibíochta digitíl isteach chun tacú le pleanáil sa todhchaí

Thacaigh an clár le gnólachtaí turasóireachta chun uirlisí digiteacha níos forbartha a ghlacadh. Chuir feabhsúcháin dhigiteacha borradh faoi infheictheacht ar líne, faoi rochtain custaiméirí agus faoi chinnteoireacht atá dhírithe ar shonraí.

San iomlán, thacaigh an clár le 440 tionscnamh maidir le forbairt suímh gréasáin nua agus tugadh beagnach 250 córas áirithinte isteach, rud a mhéadaigh cumas ticéid a cheannach ar líne thar an earnáil. Thacaigh na feabhsúcháin sin le hinbhuanaitheacht agus athléimneacht ghnó.

Cuideoidh infheistíocht leanúnach i gclaochlú digiteach leis an earnáil chun spriocanna náisiúnta do ghlacadh an chlaochlaithe dhigitigh faoi 2030, agus ceathrú de SMEnna ag baint leas as uirlisí atá á dtiomáint ag IS. Beidh an chéad chéim eile seo á stiúradh ag an *bPlean um Claochlú Digiteach ar Thurasóireacht*, plean a chinntíonn go bhfuil na huirlisí, scileanna agus saineolas atá ag teastáil ag gnólachtaí chun dul in iomaíoch i dtimpeallacht dhigiteach atá ag athrú go tapa agus rath a bhaint amach.

Gníomhú ar son na hAeráide

Lean Clár Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Fáilte Ireland leis ag tacú le gnólachtaí turasóireachta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide. Chuidigh an clár le gnólachtaí chun costais agus astaíochtaí a laghdú trí ghníomhaíochtaí praiticiúla tráchtála. Fuair gnólachtaí tacaíocht duine ar dhuine chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, astaíochtaí a laghdú agus ciste oiriúnach a aithint.

Sheachaid an Clár Gníomhaithe ar son na hAeráide torthaí láidre d'óstáin le linn na bliana agus cuireadh béim air ag Comhdháil de chuid Fáilte Ireland agus Irish Hotels Federation Ag Cur Iomaíochais Chun Cinn 2025. Léiríonn anailís tosaigh ar óstáin a bhí rannpháirteach meánchoigilteas de €35,000 in aghaidh an ghnólachta, a cuireadh chun cinn go príomha ag feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh. Léiríonn na torthaí sin cumas an chláir chun buntáistí tráchtála a sholáthar láithreach agus ag an am céanna gníomhaíocht fhadtéarmach ar son na haeráide a thacú.

Léiríonn anailís a rinneadh ar shonraí ó 100 óstán a bhí rannpháirtithe, ag cur buntréimhse 2018/2019 i gcomparáid le

2023, chomh maith le feabhsúchán in aghaidh na bliana. Idir an bhuntréimhse agus 2023, mhéadaigh óstáin a n-úsáid fuinnimh laistigh dá mheascán fuinnimh suas go 2%, le méadú 1% sa bhreis idir 2023 agus 2024. Léiríodh leis seo bogadh foisteanach ó bhreoslaí iontaise i dtreo foinsí fuinnimh níos glaine.

Is léir go bhfuil feabhsúcháin eifeachtúlachta ann chomh maith. Ar an meán, tá óstáin ag úsáid 1.6% níos lú fuinnimh in aghaidh an mhéadair chearnaigh faoi láthair. Ag praghsanna fuinnimh reatha, is ionann é seo agus coigilt mheasta de 27 cent in aghaidh na cileavatuaire.

Baineadh dul chun cinn maidir le húsáid uisce amach chomh maith. Idir an bhuntréimhse agus 2023, laghdaigh óstáin tomhaltas uisce óil in aghaidh an aoi faoi 7.8% – is ionann é seo agus 24 lítear in aghaidh an aoi gach oíche.

D'fhan treochtaí dramhaíola mar an gcéanna den chuid is mó ón mbuntréimhse. Mar fhreagairt air sin, seolfar clár píolótach saincheaptha do dhramhaíl bia in 2026, ag obair go dlúth le hóstáin chun tuiscint níos fearr a fháil ar na háiteanna as a dtagann dramhaíl bia agus conas é a laghdú. Tá sé mar aidhm ag an clár píolótach aghaidh a thabhairt ar dhúshlán atá ag an earnáil le fada agus coigilt costais breise agus laghduithe carbóin a dhíghlasáil.

I mbliana, sheachaid Fáilte Ireland an chéad chlár Ceannairí Réidh don Todhchaí chun ceannaireacht inbhuanaithe a thógáil san earnáil. Chuir 19 ceannaire sinsearach turasóireachta an clár i gcrích, clár arna sheachaid le hInstitiúid Ceannaireachta Inbhuanaitheachta University of Cambridge. Thuairiscigh rannpháirtithe torthaí praiticiúla agus cumas níos mó chun tionchar a imirt ar an inbhuanaitheacht laistigh dá n-eagraíochtaí.

Lean Fáilte Ireland lena chur chuige atá dírithe ar shonraí maidir le hinbhuanaitheacht. Bailíodh dhá bhliain de shonraí inbhuanaitheachta réigiúnacha thar 42 táscaire chun bonnlíne a shuí. Cuireann bailiúchán sonraí bliantúil tús le réiteach a fháil maidir le hanailís fhadtéarmach ar threochtaí agus cuireann sé le pleanáil inbhuanaitheachta sa todhchaí. Tacaíodh bailiúchán leanúnach le hanailís níos láidre ar threochtaí agus le tuiscint feidhmiúcháin réigiúnaí.

Tháinig níos mó ná 150 gnólacht turasóireachta nua isteach sa chlár in 2025, agus anois tá níos mó ná 300 gnólacht páirteach sa chlár. Léiríonn anailís a cuireadh i láthair ag an gComhdháil Ag Cur Iomaíochais Chun Cinn meánchoigilt de €35,000 in aghaidh an óstáin. Cuireadh seachadadh imeachta inbhuanaithe chun cinn in 2025 chomh maith, agus bhain Púca Festival ainmníocht EventCheck de chuid Earth Check amach, ailínithe le ISO 20121, ag neadú cleachtaí bainistíochta inbhuanaitheachta foirmiúla i seachadadh féile agus imeachta.

D'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide do thurasóireacht i Samhain 2025, ina aithníodh príomhrioscaí don aeráid, tuile san áireamh. Tacóidh Fáilte Ireland le chur chun feidhme an phlean agus leanfaidh sé ag cur inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide chun cinn thar an earnáil.

Cuireadh obair phleanála thimpeallachta agus reachtaíochta chun cinn chomh maith i gcomhréir le hoibleagáidí náisiúnta, lena n-áirítear ranníocaíochtaí chuig an bPlean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide do Thurasóireacht. Agus é ina chomhlacht orduithe, rinne Fáilte Ireland teagmháil le próisis phleanála áitiúla agus náisiúnta chun a chinntiú gur measadh sócmhainní turasóireachta, cinn scríbe agus pobail mheasta go hiomchuí i mbeartas agus i gcinntí forbartha.

Díolacháin agus Imeachtaí

Bhí ról tábhachtach ag díolacháin idir ghnólachtaí chun gnó turasóireachta idirnáisiúnta a chinntiú sa todhchaí d'Éirinn agus chun fiontair réigiúnacha a thacú. Chabhraigh teagmháil aghaidh ar aghaidh le ceannaitheoirí thar sáile le gnólachtaí turasóireachta chun comhaontais a chur in áirithe i bpríomh-mhargaí idirnáisiúnta.

ARDÁIN DÍOLACHÁN

Chuir Meitheal, an t-imeacht trádála is mó in Éirinn, ardán tábhachtach ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha chun bualadh le soláthraithe turasóireachta idirnáisiúnta. D'éascaigh an t-imeacht níos mó ná 10,000 cruinniú conarthach idir 400 gnólacht Éireannach agus 255 ceannaitheoir idirnáisiúnta ó 16 mhargadh ag cinntiú go bhfanann Éire mar cheann scríbe domhanda iomaíoch.

D' éascaigh ardáin díolacháin le linn na bliana thart ar 8,000 cruinniú conarthach breise agus bhí níos mó ná 1,650 rannpháirtí tionscail ag cur Éire chun cinn thar sáile. Áiríodh leis seo Misin Díolachán Best of Ireland sna Stáit Aontaithe, World Travel Market, agus ILTM Cannes, a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le Turasóireacht Éireann. Óstáladh 750 ceannaitheoir thar sáile ar thurais taithíochta chun taithí phearsanta a fháil ar a bhfuil le tairiscint ag turasóireacht na hÉireann.

TURASÓIREACHT GNÓ

D'fhan imeachtaí gnó mar cheann de na codanna is luachmhara san earnáil, ag tacú le poist agus ag giniúint tionchar eacnamaíoch suntasach. Sheol an tAire Burke an Straitéis um Imeachtaí Gnó 2030 in Aibreán 2025 chun fás ioncaim a stiúradh agus stádas na hÉireann a neartú ar fud an domhain.

D'óstáil Éire 411 imeacht a cuireadh in áirithe le tacaíocht ó Fáilte Ireland, ag giniúint tionchar eacnaíomh de €182 milliún. Cuireadh plean imeachtaí breise dar luach €207 milliún in áirithe i gcomhair na mblianta atá le teacht.

D'fhorbair Fáilte Ireland Creat um Thionchar agus Oidhreacht do Chomhdhálacha Idirnáisiúnta na gCumann in Éirinn chun na tairbhí fadtéarmacha a bhaineann le comhdhálacha idirnáisiúnta a uasmhéadú. Tugadh faoi staidéir phíolóta chun a léiriú conas is féidir le himeachtaí gnó tacú le spriocanna eagraíochta agus earnála níos fairsinge.

MÓRIMEACHTAÍ SPÓIRT

Bhí ról tábhachtach ag mórimeachtaí spóirt chun cuairteoirí idirnáisiúnta a mhealladh agus chun gníomhaíocht eacnamaíoch réigiúnach agus séasúrach a chur chun cinn. Meastar gur bhain dhá chluiche peile Mheiriceánacha a díoladh amach i mBaile Átha Cliath tionchar eacnamaíoch €200 milliún in 2025. Bhí Kansas State Wildcats agus Iowa State Cyclones mar chuid de Shraith Chlasaiceach Pheile Coláiste Aer Lingus i Staid Aviva i Lúnasa, agus rinneadh an cluiche NFl idir Pittsburgh Steelers agus Minnesota Vikings i bPáirc an Chrócaigh i Meán Fómhair.

Lean Fáilte Ireland lena thacaíocht straitéiseach do thurasóireacht gailf in 2025 agus chaith 221,000 cuairteoir idirnáisiúnta gailf measta €525 milliún, agus chaith turasóirí gailf intíre €270 milliún, ar eispéiris turasóireachta lena n-áirítear cóiríocht, bia agus siamsaíocht.

Áiríodh sna buaicphointí Amgen Irish Open agus Women's Irish Open, ag cur ardáin dhomhanda ar fáil do thurasóireacht gailf in Éirinn. Thug Comhdháil Gailf na hÉireann 60 oibritheoir turais gailf idirnáisiúnta isteach ó 12 mhargadh in éineacht le 80 gnólacht thurasóireacht na hÉireann.

Leanfar le hardáin díolachán, turais taithíochta agus gníomhú tairisceana comhdhála in 2026. Tacóidh uirlisí inbhuanaitheachta le heagraithe imeachta, agus cuirfidh plean de chomhdhálacha idirnáisiúnta agus mórimeachtaí spóirt leis an éileamh leantach do thurasóireacht na hÉireann.

* Tá €525 milliún bunaithe ar thaighde a rinneadh in 2017 le coigeartuithe boilscithe.

INBHUANAITHEACHT

Bhí an inbhuanaitheacht fós ina tosaíocht in 2025, le seoladh Green Event Toolkit agus an tÁireamhán Carbóin. Cuireadh feabhas ar stádas Bhaile Átha Cliath san Innéacs Domhanda um Inbhuanaitheacht Cinn Scríbe, ag éirí aníos 10 n-áit chuig an 19 n-áit.

Bhain Meitheal amach deimhniúchán EarthCheck freisin, rud a neartaíonn stádas na hÉireann mar cheannaire maidir le himeachtaí gnólachta inbhuanaithe.

Féilte

Is cuid lárnach iad féilte de thairiscint chultúr na hÉireann, ag tacú le dháileadh séasúrach agus réigiúnach na turasóireachta, ag neartú geilleagair áitiúla, ag síneadh amach séasúr na turasóireachta agus ag taispeáint cultúr ar bhealaí a mheallann turasóirí i rith na bliana.

In 2025, chuir féilte feabhas ar dháileadh séasúrach, mhéadaigh siad rannpháirtíocht réigiúnach agus bharrfheabhsaigh siad próifíl idirnáisiúnta na hÉireann. I rith na bliana, sheachaid féilte líon mór cuairteoirí ar fud na tíre, ag soláthar sochair eacnamaíocha, ag tacú le fhostaíocht áitiúla agus ag cruthú cúiseanna chun cuairt a thabhairt ar Éirinn thar an bhuaicshéasúir.

INFHEISTÍOCHT FÉILTE TURASÓIREACHTA

In 2025, thacaigh infheistíocht €2.9 milliún le 36 féile straitéiseach. D'oscail Fáilte Ireland iarratais dá Scéim Infheistíochta Straitéiseach Féilte Turasóireachta trí bliana ilbhliantúil, 2026 go 2028. Is é aidhm na scéime ná punann éagsúil agus tharraingteach a chothú, punann ar fhéilte agus imeachtaí turasóireachta cultúir agus oidhreachta a uasmhéadaíodh na buntáistí don gheilleagar turasóireachta agus do chinn scríbe áitiúla araon. D'éirigh le 39 féile turasóireachta infheistíocht cheadaithe €3.85 milliún do 2026 a bhaint amach faoin scéim. Chuir an Scéim Féilte Réigiúnacha tacaíocht ar fáil do níos mó ná 247 féilte Áitiúla agus Pobail thar 31 Údarás Áitiúil.

FÉILE NAOMH PÁDRAIG

Chuir Féilte Naomh Pádraig tús le séasúr na turasóireachta agus seachadadh an bhliain is láidre go dtí seo. Mheall Baile Átha Cliath thart ar 589,000 turasóir agus gineadh tionchar eacnamaíoch de níos mó ná €138 milliún in 2025.

Bhí Féilte Naomh Pádraig réigiúnacha ar siúl i gCorcaigh, Cill Airne, Cill Chainnigh, Luimneach, Sligeach agus Port Láirge, ag leanúint lena bhforbairt go himeachtaí turasóireachta il-laethúla agus ag spreagadh na turasóireachta tuilleadh.

ÁIT DÚCHAIS OÍCHE SHAMHNA

Chuir Fáilte Ireland fáilte roimh údaráis áitiúla iarratas a dhéanamh ar chiste €100,000 chun eispéiris chultúir thumthach a fhorbairt, rud a shínfidh an séasúr turasóireachta go dtí Deireadh Fómhair agus mí na Samhna agus a chuirfidh borradh faoin bhfás eacnamaíoch. D'éirigh le seacht gcinn agus cuireadh clár láidir d'eispéiris thumthach bunaithe ar Oíche Shamhna ar fáil a bhí fréamhaithe san oidhreacht áitiúil, sa bhéaloideas agus i spiorad pobail Fhine Gall, Chathair na Gaillimhe, Chiarraí, Chill Chainnigh, Luimnigh, agus i Longfort agus san Iarmhí, agus an Mhí agus Lú a rinne chomhiarratais.

Leis na cláir phíolótacha Áit Dúchais Oíche Shamhna seo, chuir Éire fáilte roimh níos mó ná 242,000 cuairteoir turasóireachta thar na seacht mol a bhí rannpháirteach, agus seachadadh níos mó ná 830 imeachtaí Samhna agus Oíche Shamhna thar tréimhse ceithre go sé seachtaine in 2025.

FÉILE PÚCA

Déanann Féile Púca de chuid Fáilte Ireland ceiliúradh ar Éirinn mar áit dúchais Oíche Shamhna. In 2025, cuireadh fáilte roimh méadú de 22% ar an bhfreastal iomlán ar an imeacht agus bhí níos mó ná 32,000 cuairteoirí turasóireachta ag dul go Chontae na Mí, agus mar thoradh air sin bhí tionchar eacnamaíoch de €12.2 milliún ann agus tacaíodh le 245 post.

Bhain an fhéile aitheantas idirnáisiúnta breise amach freisin leis an ngradam IFEA (Cumann Idirnáisiúnta Féilte agus Imeachtaí) don Chlár Glas Foriomlán is Fearr, an dara gradam a bronnadh uirthi i gceann dhá bhliain.

FÉILE NA HATHBHLIANA BHAILE ÁTHA CLIATH

Ag deireadh na bliana 2025, cuireadh fáilte roimh níos mó ná 95,000 duine chuig Féile na hAthbhliana Bhaile Átha Cliath trí lá ag suíomhanna ar fud na cathrach agus na tíre, méadú de 72% ó 2024. Bronnadh IFEA 2025 Dámhachtain Cathrach Féile agus Imeachtaí Domhanda ar Bhaile Átha Cliath chomh maith mar aitheantas ar an méid a baineadh amach.

MÁISTIR-RANG FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ

Chun cuidiú le heagraithe rath an ardáin féilte in Éirinn bhí Máistir-rang Féilte agus Imeachtaí dhá-lá ar siúl, máistir-rang dírithe ar eagraithe féilte agus imeachtaí a spreagadh, eolas a chur ar fáil dóibh, agus iad a thabhairt le chéile.

Bhí an deis ag níos mó ná 60 eagraí féilte éisteacht le saineolaithe tionscail, cur le comhráite agus teagmháil a dhéanamh le heagraithe féilte agus imeachtaí eile.

Neartóidh tacaíocht leanúnach d'fhéilte turasóireachta straitéiseacha, d'fhéilte agus imeachtaí áitiúla, chomh maith le forbairt féilte turasóireachta faoi chomhúinéireacht Fáilte Ireland, cinn scríbe sna blianta amach romhainn agus cuideoidh sé le hÉire tairiscint féilte beoga a chothú, ag mealladh cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta le linn na bliana.



Margaíocht Bhaile agus Rannpháirtíocht Cuairteoirí

In 2025, bhí roinnt feachtas ag freastal ar fhás na margaíochta turasóireachta intíre.

Lean an feachtas ó cheann ceann na bliana, Keep Discovering, leis ar theilifís náisiúnta, VOD, YouTube, comhpháirtíochta digiteacha, sóisialta, preasa agus leis an meáin ag cur inspioráid láidir chun cinn do shosanna baile, ag freastail ar 4.1 milliún duine ar fud oileán na hÉireann (98% den phobal fásta).

Bhí comhoibriú bliantúil le Lovin.ie, Joe.ie agus HerFamily.ie feiceáil i bplean PR forleathan a d'fhreastail ar 19 milliún duine thar na feachtais uile, ag taispeáint eispéiris ar fud na tíre ar ardáin éagsúla.

Neartaigh urraíocht Aimsir RTÉ, a fhreastalaíonn ar 1.6 milliún duine gach seachtain, teachtaireachtaí maidir le saoire sa bhaile, agus sheachaid an Today Show teachtaireachtaí breise agus freastalaíodh ar lucht féachana de 95,000 duine in aghaidh an eagráin ar fud na tíre.

Rinneadh teagmháil le cruthaitheoirí ábhair chun an freastal is mó a chinntiú, ag baint leasa as na meáin shóisialta chun imeachtaí agus cinn scríbe a chur chun cinn ar fud na tíre. Le linn Sheachtain na Gaeilge, baineadh leas as an nGaeilge chun béim a chur ar nithe is díol spéise do chuairteoirí agus chun daoine a spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh as Gaeilge.



Le roinnt feachtas saincheaptha, lena n-áirítear *Féile Oíche Shamhna Púca*, *Áit Dúchais Oíche Shamhna* agus *An Geimhreadh i mBaile Átha Cliath*, iad uile dírithe ar an margadh intíre a fhás agus an séasúr turasóireachta a leathnú thar an bhliain, spreagadh muintir na hÉireann chun sos a ghlacadh agus sult a bhaint as na rudaí uile atá le feiceáil agus le déanamh taobh amuigh de mhíonna an tsamhraidh.

LÁITHREACHT DHIGITEACH

In 2025, leanadh leis an eispéiris fheabhsuithe do chuairteoirí ar DiscoverIreland.ie agus VisitDublin.com trí ábhar a nuashonrú agus rochtain ar eolas a éascú nuair atáthar ag pleanáil sos beag.

Lean ár gcainéil shóisialta de bheith ag fás, ag freastal ar níos mó ná 1.4 milliún leantóir ar fud na réigiún. Tháirgimid ábhair dhigiteacha ardfheidhmithe, lena n-áirítear an tsraith Car Free, Care Free agus Dublin Secrets, a mheall an dá cheann acu rannpháirtíocht láidir agus spreagadh araon.

Threoraigh an leibhéal infheictheachta agus rannpháirtíochta níos airde seo na cuairteoirí, ó inspioráid a chur ar fáil go sos beag a chur in áirithe. Thug na comhpháirtithe earnála faoi deara go raibh borradh tagtha faoi ghníomhaíocht agus áirithint na gcuairteoirí nasctha le scála infheictheachta agus le tionchar ár n-ábhar digitigh.

Cuireadh tús chomh maith leis an obair ar chlár chun ár gcainéil dhigiteacha a ullmhú le haghaidh iompraíochtaí cuardaigh agus iniúchta athraitheacha, IS san áireamh, rud a chinntíonn go bhfanfaidh ár n-ábhair thurasóireachta sofheicthe agus éifeachtach sna blianta amach romhainn.

Seoladh Ireland's Content Pool, comhoibriú idir trí ghníomhaireacht Fáilte Ireland, Turasóireacht Éireann agus Turasóireacht Thuaisceart Éireann, i nDeireadh Fómhair. Soláthraíonn an t-ardán bainistíochta sócmhainní digiteacha, a forbraíodh le déanaí agus atá saor in aisce, rochtain éasca ar íomhánna agus físeáin ardchaighdeáin don earnáil, do chomhpháirtithe agus do pháirtithe leasmhara chun tacú le díolacháin, margaíocht agus dul chun cinn oileáin na hÉireann.

Rinneadh athbhreithniú ar shuíomh gréasáin Fáilte Ireland, agus cuireadh pleananna i bhfeidhm chun suíomh nuashonraithe a chur ar fáil, rud a cuirfidh ar chumas na n-úsáideoirí rochtain a fháil ar eolas ábhartha chun seachadadh gnólacht iomaíoch agus athléimneach a thacú.

RANNPHÁIRTÍOCHT CUAIRTEOIRÍ

Leanadh le seachadadh seirbhíse ardchaighdeáin do chuairteoirí in 2025 thar Ionaid Eolais do Turasóirí (TICanna), bothanna, agus cainéil i gcló agus ar an líne thosaigh.

Chuir TICanna fáilte roimh 600,000 cuairteoir le linn na bliana, agus dháiligh siad níos mó ná 1.5 milliún bróisiúr, chuir siad 600 gnólacht ar liosta DiscoverIreland.ie agus thacaigh siad le níos mó ná 1,500 Laochra Áitiúla fáilteachais trí oiliúint a chur ar fáil, ag cinntiú go raibh eolas turasóirí ar fáil do chuairteoirí ar an mbealach ab fhearr leo.

Le chéile, léiríonn an méadracht seo cumas náisiúnta chun suim chuairteora a athrú go roghanna muiníneacha, moltaí dílse, agus tionchar fiontair áitiúil.

Cuireadh an obair chun uirlis IS cúrsa taistil ar aghaidh, rud a chruthaíonn bunchloch don teicneolaíocht a chuideoidh leis an bhfoireann chun cúrsaí taistil níos tapa agus níos saincheaptha a thógáil agus léargas áitiúil a choimeád ag croílár na seirbhíse.

Chuaigh léargas Voice of the Visitor ó chomhráite líne thosaigh TIC chuig comharthaí soiléire maidir le forbairt eispéiris. Stiúradh spásanna TIC séasúracha i Muileann gCearr agus i gCloch na Coillte mar stiúideonna d'ealaíontóirí, agus d'óstáil roinnt ionad ó cheann ceann na bliana imeachtaí pobail lena n-áirítear taispeántais Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta agus gníomhaíochtaí glactha cultúir agus spóirt.

Gairmeacha Turasóireachta

Tá earnáil na turasóireachta in Éirinn fós ag brath ar fhórsa oibre oilte agus tiomanta, agus tá cáilíocht na fostaíochta fós lárnach ina cuid inbhuanaitheachta fhadtéarma. Is é an rud is tábhachtaí do seo ná gairmeacha tairbhiúla a sheachadadh agus a chinntiú go bhfuil sé ar chumas na hearnála freastal ar éileamh sa todhchaí.

Thacaigh Clár um Fostaí Barr Feabhais de chuid Fáilte Ireland le gnólachtaí turasóireachta chun cultúr an ionaid oibre a neartú agus rannpháirtíocht, sásamh agus coinneáil a fheabhsú.

Ghlac beagnach 30,000 fostaí agus bainisteoir páirt sa chlár ó seoladh é, ag tacú le feabhsúcháin maidir le hionduchtú, cumarsáid agus ceannaireacht. Chuir sé seo le fórsa oibre turasóireachta atá níos athléimní agus níos iomadaí.

Seoladh céim nua den chlár in 2025, rud a chur solúbthacht ar fáil do ghnólachtaí maidir le soláthraithe suirbhéanna a roghnú agus ag tairiscint tacaíochtaí barrfheabhsaithe do straitéis fhadtéarma daoine. Bhain glacadóirí luaithe scóir de 75% ar an meán maidir le rannpháirtíocht fostaithe, scóir atá níos airde ná an meánscóir náisiúnta.

Lean Fáilte Ireland lena chuid oibre dul chun cinn gairmeacha ó cheann ceann na bliana chun feasacht agus suim a spreagadh sa thurasóireacht mar ghairm thairbhiúil. Rinne níos mó ná 75,000 mac léinn teagmháil le tionscnaimh ghairme lena n-áirítear imeachtaí, eispéiris thumthacha, socrúcháin na hIdirbhliana agus feachtas náisiúnta A Career You'll Rate. Ghin an clár beagnach 300,000 seisiún ar tourismcareers.ie.

D'fhreastail LearniFi ar 12,500 foghlaimeoir in 2025, ag cuidiú le gnólachtaí chun foireann oibre a ionduchtú níos tapúla, foirne a uasoiliúint, agus ceannaireacht a neartú. Bhain LearniFi méadú 39% amach ar fhoghlaimeoirí in 2025 agus méadú 33% ar ghnólachtaí rannpháirteacha.

Le ráta rannpháirtíochta de 75%, tá an t-ardán ag feabhsú coinneáil agus ag cruthú bealaí soiléire do dul chun cinn inmheánach, a chuirfidh ar chumas na bhfostaithe róil nua a ghlacadh go muiníneach agus foirne níos athléimní a chothú.

Léiríonn an Taighde ar Mhargadh Saothair de chuid Fáilte Ireland is déanaí go bhfuil feabhas tagtha ar na dúshláin a bhaineann le hearcaíocht agus coinneáil, agus go bhfuil sé níos éasca anois príomhróil amhail bainisteoirí agus cócairí a áirithiú.

Léiríonn na torthaí go bhfuil dearcthaí níos fearr ar an turasóireacht mar ghairm fhadtéarma, agus chuir cion níos airde d'fhostaithe (86%) go gceapann siad gur rogha gairme í an turasóireacht.

Nochtadh sa taighde, ina ndearnadh agallamh ar beagnach 570 fostaí agus 600 oibrí, go dtuairiscíonn 62% d'oibrí gur tháinig feabhas ar choinníollacha pá san earnáil le dhá bhliain anuas ach ní mholann ach 20% a gcuid fostóirí ó thaobh na n-arduithe pá de.

Léiríodh freisin go bhfuil feabhas tagtha ar choinneáil na gcócairí, agus 39% fostaí ag tuairisciú beagán deacracht nó nach raibh deacracht ar bith ann, aníos ó 27% sa bhliain roimhe. Laghdaíodh na deacrachtaí a bhaineann le bainisteoirí agus maoirseoirí a fhostú chomh maith, anuas ó 55% in 2021 go 29%. Bhí an deis ag fostóirí na poist atá ar fáil a thaispeáint go 18,000 cuardaitheoir poist trí chomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Lean an-chuid gnólachtaí beaga ag tuairisciú srianta ó thaobh acmhainní de, a chuireann teorainn lena gcumas chun infheistiú a dhéanamh i bhforbairt foirne. Fanann sé sin mar réimse tosaíochta tacaíochta do Fáilte Ireland, toisc go bhfuil neartú chumas na foirne oibre fós riachtanach chun earnáil turasóireachta ardchaighdeáin a chothú.

Cóiríocht

Tá cóiríocht cháilíochta inrochtana thar a bheith tábhachtach ó thaobh tionscal turasóireachta tairbhiúil de agus in 2025 tháinig borradh faoin éileamh maidir le cóiríocht do chuairteoirí in Éirinn, agus thuairiscigh 67% d'óstáin ioncam méadaithe. Le Praghsáil Bunaithe ar Luach d'óstáin agus Ticéid Straitéiseacha d'eispéiris cuairteoirí de chuid Fáilte Ireland, bhí gnólachtaí in ann praghsáil agus iomaíochas a bharrfheabhsú, agus thuairiscigh 92% de rannpháirtithe go raibh feabhas tagtha ar mhuinín agus ar chinnteoireacht.

Thuairiscigh óstáin agus eispéiris cuairteoirí araon glacadh pacáistíocht bhreisluacha a bharrfheabhsaigh straitéis phraghsála, a fheabhsaigh rannpháirtíocht na gcustaiméirí, éifeachtúlacht oibríochtúil agus sásamh.



FORBAIRT CÓIRÍOCHTA

Seachadadh intleacht mhargaíochta chuimsitheach ar chóiríocht turasóireachta le linn na bliana trí thuarascálacha forléargais leathbhliantúil ar chóiríocht turasóireachta, sracfhéachaintí margaíochta ráithiúla agus anailís ar idirbheart infheistíochta.

Soláthraíodh leis sin léargas soiléir ar acmhainn chóiríochta, ar anailís pleananna agus treocht, agus gníomhaíocht infheistíochta óstáin.

Seoladh an Accommodation Insights Hub chomh maith, mol a neartaigh an rannpháirtíocht trí phlean cumarsáide struchtúrtha, cruinnithe rialta leis na páirtithe leasmhara, agus freagraí saincheaptha chuig iarrataí ar shonraí náisiúnta agus réigiúnacha.

Tá léargas cóiríochta comhtháite go hiomlán anois sa phróiseas DEDP nua, ag tacú le pleanáil fianaisebhunaithe agus ag neartú acmhainn réigiúnach i gcomhréir le beartas náisiúnta.

Cuireadh pleananna gníomhaíochta dírithe ar fhorbairt chóiríochta i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath, an Clár, Loch Garman, Sligeach agus Cill Mhantáin chomh maith le hidirghníomhaíochtaí breise, amhail staidéar féidearthachta, anailís mhargaíochta, agus meantóireacht. Seachadadh iad sin thar 10 gcontae chun tacú le forbairt chóiríochta.

Tugadh isteach tacaíochtaí forbartha nua faoin aer, a chruthaíodh chun fás cóiríochta inbhuanaithe a chur chun cinn ar mionscála, agus go dtí seo fuair níos mó ná 300 gnólacht rochtain orthu go dtí seo.

AN CLÁR UM LIGEAN GEARRTHÉARMACH

Lean Fáilte Ireland lena chuid ullmhúchán chun clár um Ligean Gearrthéarmach (STL) a sheoladh, lena n-áirítear rannpháirtíocht mionsonraithe leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, chun a chinntiú go mbeidh an córas ag teacht leis na ceanglais i gcomhréir le Rialachán um Ligean Gearrthéarmach (STR) an AE agus an Bille um Léasú Gearrthéarmach agus Turasóireacht, 2025.

Cuireadh forbairt an chláir ar aghaidh agus leanadh le gníomhaíochtaí teicniúla ar leibhéal an AE chun pointe iontrála digiteacha náisiúnta amháin a fhorbairt mar a cheanglaítear le Rialachán STR.

CREAT CLÁRÚCHÁIN AGUS DEARBHAITHE CÁILÍOCHTA

Tá Fáilte Ireland freagrach as na caighdeáin cháilíochta do chóiríocht turasóirí a rialú, a clárú, agus a leagan síos faoi na hAchtanna um Thrácht Cuartaíochta, 1939–2016. Coinníonn Fáilte Ireland clárúcháin reachtúla do roinnt earnálacha lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, óstáin agus tithe aíochta faoin gCreat Dearbhaithe Cáilíochta Náisiúnta (NQAF).

Áiríodh sa chreat seo chomh maith liostáil deonacha do chineálacha éagsúla cóiríochta lena n-áirítear B&Banna, cóiríocht fhéinfhreastail agus gnólachtaí nach bhfuil ag baint úsáid as téarma forordaithe – amhail The Dean agus The Hendrick, an dhá cheann acu i mBaile Átha Cliath.

In 2025, bhí 4,955 cóiríocht (foirgnimh/ionaid champála) cláraithe agus ceadaithe san NQAF, agus is ionann sin agus 231,468 áit leapa. Rinneadh 2,010 measúnú cáilíochta thar réimse de na gnólachtaí cóiríochta sin.

Tá athbhreithniú ar an gCreat Dearbhaithe Cáilíochta Náisiúnta idir lámha faoi láthair agus cuireadh chun cinn é le comhairle agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn 2025.





2025 Ceadaíodh an Infheistíocht Deontais

2025 Ceadaíodh an Infheistíocht Deontais

Réigiún	Infheistíocht deontais iomlán a ceadaíodh in 2025 *
Baile Átha Cliath	€10,097,700
Sean-Oirthear na hÉireann	€7,883,475
Croílár Ceilte na hÉireann	€36,525,995
Slí an Atlantaigh Fhiáin	€6,542,228

* Baineann na figiúirí thuas leis an gciste a ceadaíodh san iomlán sna hiarratais maidir le scéimeanna infheistíochta deontais gníomhacha de chuid Fáilte Ireland in 2025, thar infheistíocht chaipitil, forbairt cinn scríbe, digiteach, agus scéimeanna féilte, lena n-áirítear dualgais ilbhliantúla (bliantúlaithe i gcás inarb infheidhme); léiríonn an ciste a thaispeántar leithdháiltí ceadaithe, seachas costais an tionscadail nó an chláir iomlán.

Cás-Staidéir

Cás-Staidéar 1: Cúrsaí Digiteacha a Sheachadann Dea-Torthaí – Ionad Saoire Delphi

Is áit fóillíochta agus folláine é Ionad Saoire Delphi, áit ina bhfuil óstán 4 réalta suite, ionad spá agus eachtraíochta agus bíonn gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl ann, is féidir dul ann ar shaoire suaimhneach spá, rogha gach bia agus togha gach dí ann chomh maith le heispéireas ar leith ann i gcroílár Chonamara ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin..

Ar feadh na mblianta, bhí an gnó ag feidhmiú le láithreán gréasáin nár fhóin go maith dó a thuilleadh. De réir mar a tháinig forbairt ar an ngnó, níor léirigh a ardáin dhigiteacha cáilíocht agus leibhéil eispéireas an chuairteora a bhí á sholáthar ann a thuilleadh. D'éirigh an láithreán gréasáin níos casta, rud a fhágann go raibh sé deacair do chustaiméirí nascleanúint a dhéanamh, agus chuir ábhar a bhí as dáta agus léargais theoranta ar fheidhmíocht srian ar dheiseanna chun fáis.

Bhí sé soiléir gur ghá d'Ionad Saoire Delphi a láithreacht dhigiteach a nuachóiriú, feabhas a chur ar aistear an chustaiméara agus feabhas a chur ar a chumas chun cuairteoirí féideartha a mhealladh agus a fhostú ar líne trí láithreán gréasáin atógtha, ina bhfuil ábhar níos láidre, anailísíocht fheabhsaithe agus straitéis athnuaite maidir le hoptamú innill cuardaigh chun an trácht orgánach ann a chosaint agus a fhás.

Mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa chlár, sheol Ionad Saoire Delphi láithreán gréasáin atá athdheartha go hiomlán agus brandáil athnuaite ann chomh maith le nascleanúint fheabhsaithe agus eispéireas áirithinte níos cuíchóirithe.

D'fhorbair an fhoireann ábhar físe gairmiúil freisin ina dtaispeántar na gníomhaíochtaí eachtraíochta ann agus eispéiris ar saoire ann, rud a chabhraíonn le cuairteoirí ionchasacha tuiscint níos fearr a fháil ar gach rud atá le tairiscint ag an Ionad Saoire.

Ina theannta sin, tugadh isteach uirlisí feabhsaithe tuairiscithe agus rianaithe feidhmíochta, rud a thug léargas níos fearr ar iompar custaiméirí agus a thacaíonn le cinntí margaíochta agus gnó níos eolasaí. Le straitéis dhigiteach athnuaite neartaíodh infheictheacht ar líne agus acmhainneacht fáis an ionaid saoire amach anseo.

Trí bheith ag obair go dlúth le comhairleoirí cláir agus comhpháirtithe seachadta, d'éirigh le hIonad Saoire Delphi láithreán gréasáin a chur ar fáil go rathúil ar a léirítear scála agus cáilíocht a bhfuil le tairiscint ann.

Lean an láithreán gréasáin sin ar aghaidh chun an gradam don Láithreán Gréasáin is Fearr do FBManna a bhuachan ag Dámhachtainí Spider 2025. Is searmanas bliantúil bronnta gradam é Dámhachtainí Spider do rannchuidithe Éireannacha leis na meáin ar líne agus leis na meáin dhigiteacha thar roinnt catagóirí.

Agus láithreacht dhigiteach nua-aimseartha ag Ionad Saoire Delphi anois, tá aistear níos láidre ann do na custaiméirí, is láithreán gréasáin é a bhfuil duaiseanna buaite aige agus tá léargais ghnó fheabhsaithe i bhfeidhm anois. Mar gheall air sin, tá Delphi Resort in áit mhaith chun a infheictheacht ar líne a mhéadú, chun fás cuairteoirí a thiomáint agus leanúint ar aghaidh ag neartú a sheasaimh mar cheann de na hIonaid Saoire eachtraíochta is mó do thurasóirí in Éirinn.



Cás-Staidéar 2: Gníomhú ar son na hAeráide – Óstán Metropole

Suite i gceathrú Victeoiriach chathair Chorcaí, tá Óstán Metropole ag cur fáilte roimh chuairteoirí ó bunaíodh é in 1897. Mar phríomhionad na nÓstán Trigon, tá sé ina thearmann ón mbaile do chuairteoirí, lena n-áirítear laochra an scáileáin, an stáitse, na litríochta agus dhomhan na n-ealaíona ó osclaíodh na doirse.

Inniu faoi threoir Stiúrthóir Bainistíochta Aaron Mansworth agus Stiúrthóir na n-Oibríochtaí Grúpa Carmel Lonergan, tá an foirgneamh stairiúil sin ag breathnú chun cinn agus iad ag iarraidh díriú ar an inbhuanaitheacht.

Mheall ionchur chomhairleoir an Chláir ar son na hAeráide fócas mionchúiseach ar phleanáil agus ar choigilt costais mar phríomhthosaíocht gnó le Plean Gníomhaíochta i bhfeidhm acu le trí bliana anuas. Sa chlár feictear béim ar bhainistiú freagrach fuinnimh agus dramhaíola, nósanna úsáide níos fearr, laghdú in úsáid uisce agus fuinnimh agus aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le neamhéifeachtúlacht.

Ní hé an comhshaol amháin a bhaineann tairbhe as an aistriú sin i dtreo todhchaí níos glaise, ach ceaptar go bhfuil thart ar €127,000 sábháilte sa bhliain thar an nGrúpa Trigon agus coigilteas féideartha €40,000 i ngach óstán (lena n-áirítear €110,000 i gcoigilteas fuinnimh uisce te agus €17,500 i gcoigilteas uisce) gan nach mór aon infheistíocht chaipitiúil.

Tá Foireann Ghlas ag gach óstán atá dírithe ar chuspóirí intomhaiste chun carbón a laghdú. Le 10.5 lítear uisce sábháilte thar an ngrúpa óstáin go dtí seo, tá a bpiléir inbhuanaitheachta mar chuid lárnach dá mbranda fostóra, ag cabhrú le Trigon chun tallann ardchaighdeáin a mhealladh agus a choinneáil. Trína gCairt Bia, bíonn an Metropole agus Grúpa Trigon i dteagmháil go gníomhach le soláthraithe áitiúla agus leis an tionscal bia níos leithne chun ábhair a fhoinsiú ón gceantar áitiúil nuair is féidir, lena meastar soláthraithe i leith a ndintiúir inbhuanaitheachta agus béilí gan aon dramhaíl a thabhairt isteach ina mbiachláir ag an am céanna.

Agus iad ag breathnú chun cinn, tá an grúpa ag pleanáil tograí píblíne go gníomhach a chuirfear barr feabhais ar fheidhmiúlacht oibríochta agus eispéireas na gcustaiméirí araon. Trí rannpháirtíocht i gClár F&B 360 Fáilte Ireland, tacófar le bainistíocht acmhainní níos cliste agus nuálaíocht laistigh dá thairiscint bia agus cabhróidh an Clár Inrochtana le timpeallacht níos ionchuimsithí a chruthú do chuairteoirí agus do bhaill foirne araon.

Tá na tionscnaimh sin mar chuid de straitéis forbartha eispéireas níos leithe atá deartha lena n-áit a threisiú mar phríomhionad fáilteachais i gCorcaigh, lena chinntiú go bhfuil an fás freagrach, ionchuimsitheach, agus inbhuanaithe don fhadtéarma.







Cás-Staidéar 3: Aistriú Cóir AE – Watershed Fly Fishing, Blueway Bike Hire, Linn Snámha Allamuigh Bheannchair

Tá roinnt mhaith gnóthas fiontraíochta ag na contaetha lonnaithe i limistéar an *Chiste um Aistriú Cóir an AE*, ó ghnóthaí nuathionscanta go dtí gnólachtaí teaghlaigh seanbhunaithe agus gach saghas gnó eatarthu siúd. Seo nach mór léargas ar roinnt gnóthas a raibh Fáilte Ireland bródúil infheistiú iontu trína Scéim um Turasóireacht Athghiniúnach agus Comhfhorbairt Áite, Ciste um Aistriú Cóir an AE.

Agus iad saincheaptha do roghanna pearsanta, tá gabháil agus scaoileadh saor sna turais sin, rud atá ar leith agus a chinntíonn go bhfilltear gach iasc ar ais sna huiscebhealaí. Tá Johannes, a gcabhraíonn a bhean chéile Rebecca leis, chun ball foirne páirtaimseartha agus ball foirne séasúrach a fhostú, bhain sé Clár ón Líonra Foghlama Turasóireachta amach, bronnadh cistiú air in 2024 agus bhunaigh sé an togra bunaithe in Uíbh Fhailí i Meitheamh 2025.

Chonacthas borradh leanúnach faoin ngnólacht ó bunaíodh é agus táthar ag díriú ar bhranda láidir a chruthú agus tionchar a dhéanamh ar an margadh le go leor áirithintí faighte acu cheana féin. Anonn i gCarraig na Siúire, Co Thiobraid Árann, cuireann **Blueway Bike Hire** ar bunaíodh é in 2020, rothair inrochtana éagsúla ar fáil atá feiliúnach do gach aoisghrúpa agus do gach leibhéal aclaíochta, le rothair shoghluaisteachta ina measc, do chuairteoirí agus do mhuintir na háite a dteastaíonn uathu breathnú thart ar an réigiún. Faoi úinéireacht agus á rith ag Tom agus Kevin Treacy, fuair an gnólacht rothair ar cíos Cistiú agus Cistiú Meaitseála ó Chiste um Aistriú Cóir an AE ar luach €59,000 agus bhain siad an Clár ón Líonra Foghlama Turasóireachta amach chomh maith.

Le tacaíocht ó Fáilte Ireland, cuireadh ar a gcumas iad eispéireas ionchuimsitheach a chur ar fáil do chuairteoirí mar aon le rothair agus trealamh inrochtana a thabhairt isteach. Cuireadh ar a gcumas iad a dtairiscint a leathnú níos tapúla do dhéimeagrafach níos leithne ná a mar bhí siad ag súil, agus chonacthas tuilleadh fáis ina ngnólacht dá bharr. Tá Grúpa Pobail Iontaobhaithe Pháirc Bhruach na Sionainne ag leanúint de bheith faoi bhláth i mBeannchar, Co Uíbh Fhailí, atá á fheidhmiú ó 1979 i leith.

Agus é bunaithe ag muintir na háite a bhfuil cúlraí éagsúla acu, tá cuspóir comhroinnte acu Linn Snámha Allamuigh Bheannchair a chosaint agus a fhorbairt go cúramach, a bhfuil conair, Caisleán Cromwell Uíbh Fhailí, Cuardach agus Tarrtháil agus Linn Snámha Allamuigh Bheannchair mar chuid de.

Faoi bhainistíocht agus cúram na n-iontaobhaithe, fuair an togra cistiú agus cistiú meaitseála Chiste um Aistriú Cóir an AE ar luach €770,875 agus bhain na hiontaobhaithe Clár ón Líonra Foghlama Turasóireachta amach. Leis an togra cistithe, rinneadh an linn snámha allamuigh ar bharr uisce a athnuachan agus a athghiniúint agus bhí gá le feabhsuithe sábháilteachta agus rochtana chun ligean don linn ardú agus ísliú leis an taoide. Seachadadh linn snámha ar bharr uisce nua le háit ar leith do pháistí, bealach isteach sábháilte agus limistéar suí áineasa ar an bpontún chomh maith le háit seolta canú freisin.

Ó cuireadh deireadh leis an obair, tugann na hIontaobhaithe faoi deara go bhfuil borradh suntasach faoi líon na n-úsáideoirí agus tá siad i mbun pleanála tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar na háiseanna le níos mó taitneamhachtaí folláine.


Welcome to
BANAGHER
on the Shannon
Shannon Bank Park
FISHING • WALKING • SWIMMING • CYCLING • FAMILY AREA • PICNIC • COFFEE DOCK • OUTDOOR SHOWERS • TOILETS


BLUEWAY BIKE HIR


HONDA
KWX535
Orkha

Cás-Staidéar 4: Infheistíocht Chaipitil: Little Museum of Dublin

Bunaithe in 2011 ag Trevor White, tá an Little Museum of Dublin aitheanta mar an chéad rud le déanamh i gCathair Bhaile Átha Cliath ar TripAdvisor le trí bliana anuas. Taispeántar os cionn 6,000 déantán sa mhúsaem, go leor acu deonaithe ag an bpobal, léirítear Baile Átha Cliath sa 20ú haois sa chnuasach caomhnaithe go hálainn sin.

Agus é suite i dteach cathrach Seoirseach comhartha ar Fhaiche Stiabhna atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bhain an áit is díol spéise ar leith sin tairbhe as tacaíochtaí Fáilte Ireland, lena n-áirítear Scéim an Deontais Mhóir in 2016, inár tugadh cistiú €1.7 milliún leis an ionad a athchóiriú agus sruth na gcuairteoirí a fheabhsú laistigh den mhúsaem. Tháinig sé sin sna sála ar chistiú €40,000 in 2011 ó Fáilte Ireland agus, dar le White, "ba é sin a d'oscail doirse an mhúsaeim."

Mar chuid den chlaochlú reatha tá spásanna taispeántais, ionad oideachais, níos mó comharthaíochta i dteangacha iasachta, turais threoraithe i dteanga chomharthaíochta agus suiteáil dhá ardaitheoir sheachtracha, chun inrochtaineacht a fheabhsú, sruth na gcuairteoirí a mhéadú agus chun ligean don mhúsaem leathnú chun freastal ar níos mó cuairteoirí.

Bhí cistiú curtha ar fáil ag páirtithe eile, lena n-áirítear an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Matheson Foundation, Fidelity Foundation agus Tara's Palace Trust. Seachadadh an togra i gcomhpháirtíocht le hailtirí caomhnaithe Deaton Lysaght, lena ndeimhnítear go gcaomhnódh carachtar stairiúil an fhoirgnimh agus eispéireas nua-aimseartha agus fáilteach a chruthú do chuairteoirí ag an am céanna.

Mar chuid den athfhorbairt nua, tá fáiltiú íoslach nua agus limistéar miondíola nua chomh maith le cnuasach déantán leathnaithe, go leor acu siúd deonaithe go flaithiúil ag muintir Bhaile Átha Cliath.

Tá sé tuartha ag Fáilte Ireland go saothrófar tionchar eacnamaíochta €24.7 milliún thar thréimhse 10 mbliana leis an gclaochlú sin.

Tá naoi mball foirne bhuana á bhfostú ag an músaem nua athchóirithe agus eispéireas den chéad scoth á thairiscint thar trí urlár le turais gach 40 nóiméad a fhreastalaíonn ar suas le 30 cuairteoir, agus a bhfuil gnéithe amharclainne agus léirithe ag gabháil leo.

Déanfaidh oiliúint foirne agus tacaíocht leanúnach ó Fáilte Ireland a rath a threisiú. Leis sin, deimhneofar go bhféadfaidh an músaem, a bhfuil an pobal ina chroílár aige, a chlú láidir a chaomhnú mar láthair turasóireachta nach bhféadfaí a chailliúint i mBaile Átha Cliath.


DECORATION
DOCKRELL



Ráiteas Corparáideach

Rialachas Corparáideach

Tacaíonn agus glacann Fáilte Ireland leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialachas corparáideach agus cloíonn sé go sonrach leis na prionsabail agus na treoirlínte is infheidhme atá sainmhínithe sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), lena n-áirítear a iarscríbhinní, an Cód Caiteachais Phoiblí, agus gach reachtaíocht Rialtais ábhartha.

I gcomhréir le Cuid 8.4 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, tá comhaontú scríofa ar mhaoirseacht i bhfeidhm ag Fáilte Ireland leis an Roinn Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta, lena sainítear go soiléir róil agus freagrachtaí na Roinne agus Fáilte Ireland faoi seach chomh maith le téarmaí an chaidrimh sin.

Ar aon dul le ceanglais an Chóid Chleachtais, rinneadh measúnú cuí ar phríomhrioscaí na heagraíochta, lenar áiríodh cur síos ar na rioscaí sin agus ar na straitéisí agus na rialuithe gaolmhara um maolú.

COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT & IONCHUIMSIÚ

Tá Fáilte Ireland tiomanta dá hoibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh trí dheireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn agus cearta daonna fostaithe, páirtithe leasmhara agus an phobail a chosaint.

Le linn na bliana 2025, d'athdhearbhaigh Fáilte Ireland a thiomantas chun cearta daonna, comhionannas agus ionchuimsiú a chosaint agus a chur chun cinn trí mheasúnú cuimsitheach a ghlacadh chun tosaíochtaí na heagraíochta a threorú. Chuir an measúnú sin, chomh maith le haiseolas ó fhostaithe agus an Irish Centre for Diversity, le plean gníomhaíochta agus clár gníomhaíochta. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha um Chothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú nua chun bheith i gceannas ar phlean gníomhaíochta athraitheacha na heagraíochta, agus comhtháthaíodh na prionsabail um Chothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú sna cláir foghlama, na próisis tairisceana, agus na hathbhreithnithe bliantúla ar bheartas uile. Leanadh leis an bhforbairt cumais trí mhodúil ríomhfhoghlama nua á gcuireadh chun feidhme, chomh maith le hoiliúint ar chlaonta neamh-chomhfhiosach, oiliúint athnuachana ar iompair fianaiseach gníomhach agus dínit san ionad oibre, arna tacú ag iniúchadh inrochtaineachta iomlán ar ábhair foghlama dhigiteacha. Rinne ceannasaí sinsearacha urraíocht ghníomhach ar chomhráite thar an eagraíocht san iomlán agus ghlac siad páirt iontu, comhráite ar Chothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, agus cumarsáid bliantúil ar mhíchumas agus ar chóiríocht réasúnta á gcothú. Ina theannta sin, cuireadh anailís an fhórsa oibre i gcrích, agus bhí PTFanna atá formheasta ag an mbord mar thoradh air sin, PTFanna a dearadh chun ionadaíocht a neartú agus cultúr atá bunaithe ar chearta daonna, ar dhínit agus ar chomhionannas do gach fostaithe a neadú tuilleadh.

An 31 Nollaig 2025, bhí 12 chomhalta san Údarás, seachtar ban (58%) agus cúigear fear (42%) agus folúntas amháin. Dá bhrí sin comhlíonann an tÚdarás sprioc an Rialtais mar atá ionadaíocht 40% ar a laghad ar gach inscne i mballraíocht Bord Stáit. Is iad an Roinn agus an tAire a cheapann baill chuig Údarás Fáilte Ireland tríd an bpróiseas um cheapacháin chuig Boird Stáit leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS

Cosnaíodh sábháilteacht agus folláine fhostaithe na heagraíochta agus cuairteoirí ar a réadmhaoin de réir cheanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

SAORÁIL FAISNÉISE

Sa tréimhse a bhí faoi bhreithniú, fuair Fáilte Ireland 60 iarratas faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

NOCHTADH COSANTA

De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, deimhníonn Fáilte Ireland go raibh nochtadh cosanta amháin aige in 2025.

COMHLÍONADH RGCS

Tá foireann thiomnaithe agus Oifigeach Cosanta Sonraí in situ ag Fáilte Ireland chun bainistíocht agus maoirseacht a dhéanamh ar oibleagáidí na heagraíochta de réir rialacháin RGCS. Níor thuairiscigh Fáilte Ireland sáruithe sonraí ar bith don Choimisiún um Chosaint Sonraí in 2025.

COMHDHEISEANNA AGUS REACHTAÍOCHT CHOMHIONANNAIS

Is fostóir comhdheiseanna é Fáilte Ireland agus tá sé tiomanta d'ionad oibre cuimsitheach a chothú a bhfuil meas aige ar éagsúlacht an lucht saothair agus a bhaineann leas as an éagsúlacht sin. Is é beartas na hEagraíochta cloí go hiomlán leis an Reachtaíocht Chomhionannais. Déanaimid ár ndícheall cultúr ina bhfuil páirt lárnach ag cuimsiú, meas frithpháirteach agus comhdheiseanna a chruthú. Freisin déanaimid ár gcuid oibre gan chlaonadh, ar bhealach measúil nach ndéantar leithcheal leis.

Ag Fáilte Ireland, aithnímid buanna agus scileanna na bhfostaithe go léir agus soláthraímid rochtain ar fhostaíocht agus ardú céime don líon is leithne fostaithe agus fostaithe ionchasacha. Féachann Fáilte Ireland lena chinntiú, ag gach céim den phróiseas earcaíochta, go roghnófar daoine aonair bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus go roghnófar an t-iarrthóir is fearr don ról. Cuirtear gach iarratas ar fhostaíocht san áireamh ó gach grúpa mionlaigh nuair a

bhíonn na scileanna agus na cumais chuí acu chun an post a dhéanamh. Spreagann Fáilte Ireland ardú céime agus dul chun cinn foirne laistigh den eagraíocht freisin beag beann ar a n-inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, creideamh, cine, aois, claonadh gnéis, míchumas nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Is é beartas na heagraíochta ná socruithe réasúnta a chur ar fáil de réir mar is cuí agus leanfaimid lenár bpróisis earcaíochta agus ionduchtaithe a fheabhsú chun tacú leis an gcleachtas is fearr.

ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003 AGUS ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA (LEASÚ), 2021

I gcomhréir le hAlt 4B (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 mar atá leasaithe ag Acht na dTeangacha Oifigiúla ("Acht na dTeangacha Oifigiúla"), 2021 tá an Stiúrthóir Oibríochtaí sainithe ag an bhfoireann feidhmiúcháin chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht agus tuairiscí a chur ar fáil don POF de réir mar is gá. I gcomhréir le hAlt 4B (a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cuireadh tuarascáil inar tugadh sonraí ar ghníomhaíochtaí a ghabhann leis an gcomhlíontacht faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla i láthair don fhoireann feidhmiúcháin. De bhun Alt 4B (b) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, tugadh aghaidh sa tuarascáil ar chomhlíonadh oibleagáidí, freagrachtaí agus ar dhul chun cinn i dtreo comhlíontacht iomlán leis an reachtaíocht infheidhme a bhaint amach.

Ar aon dul le ceanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, chuir Fáilte Ireland na bearta seo a leanas i bhfeidhm in 2025:

- Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne chun a gcuid inniúlachta sa Ghaeilge a fheabhsú.
- Rinneadh teagmháil le haistritheoirí seachtracha chun a chinntiú go raibh aon doiciméid, feachtais earcaíochta agus níos mó ar fáil as Gaeilge.
- Eisíodh foilseacháin ábhartha amhail an Tuarascáil Bliantúil go dátheangach.
- Tugadh freagra i nGaeilge don chomhfhreagras go léir a fuarthas i nGaeilge; comhfhreagras le ríomhphost nó comhfhreagras scríofa.
- Pléadh i nGaeilge le haon trácht nó ceist a fuarthas ar na cainéil meán sóisialta as Gaeilge.

Leanann Fáilte Ireland leis ag glacadh na bearta atá riachtanach chun a dhualgais fógraíochta a chomhlíonadh faoin Acht.

Chuaigh an eagraíocht i ngleic le saincheist amháin a chuir Oifig an Choimisinéara Teanga in iúl, agus réitíodh an ábhar. Bhí oibreacha comhlíontachta ag teastáil ar roinnt aghaidheanna oifigí eolais turasóireachta agus oibreacha ar bun.

Baill an Údaráis 2025

FREASTAL NA MBALL AR CHRUINNITHE AN ÚDARÁIS IN 2025

Ruth Andrews, Cathaoirleach	10 Iomlán Na gCruinnithe
Catherine Corbett	9 Iomlán Na gCruinnithe
Dónall Curtin	9 Iomlán Na gCruinnithe
Donagh Davern	9 Iomlán Na gCruinnithe
Joseph Dolan*	2 Iomlán Na gCruinnithe
Vivienne Jupp	5 Iomlán Na gCruinnithe
Anna M Kelly	10 Iomlán Na gCruinnithe
Matt Kennedy	8 Iomlán Na gCruinnithe
Daniel McLoughlin	10 Iomlán Na gCruinnithe
Kilian Maxwell	10 Iomlán Na gCruinnithe
Angela Rutledge	8 Iomlán Na gCruinnithe
Una Ryder	9 Iomlán Na gCruinnithe
Catherine Toolan	9 Iomlán Na gCruinnithe

* D'éirigh as ar an 27 Bealtaine 2025

Beathaisnéisí Údaráis



RUTH ANDREWS – CATHAOIRLEACH

Tá Ruth Andrews ag obair i dturasóireacht na hÉireann le breis is 36 bliain. Chuir sí tús lena gairm i gcuid de na sraitheanna óstáin is mó in Éirinn ag an am – Grúpaí Óstán Doyle agus Óstán an Great Southern. Ansin bhunaigh sí a seirbhís sainchomhairleoireachta féin um margaíocht/ díolacháin turasóireachta, chun cumarsáid, oiliúint agus meantóireacht i leith na margaíochta, chomh maith le saineolas ar fhorbairt gnó, a chur ar fáil do raon leathan de ghnólachtaí i dtionscal turasóireachta na hÉireann. Bhí Ruth ina Príomhfheidhmeannach ar an ITOA (Incoming Tour Operators Association) ó 2006 go dtí 2023. In 2017, ceapadh mar Chomhairleoir Speisialta do AVEA (Association of Visitor Experiences and Attractions/ Cumann na n-Eispéireas agus na dTarraingtí Cuairteora) í, chun an cumann a bhunú; lean sí uirthi ag tacú lena feidhm fheidhmiúcháin go dtí 2023. Bhí sí ina Cathaoirleach ar ITIC, an Irish Tourism Industry Confederation (Cónaidhm Thionscal na Turasóireachta in Éirinn) ar feadh trí bliana ó 2019. I mí Bealtaine 2020, ceapadh Ruth ina Chathaoirleach ar an Tascfhórsa um Théarnamh na Turasóireachta (TFTT), chun maoirseacht a dhéanamh ar théarnamh cuimsitheach le haidhmeanna tosaíochta, príomháisitheoirí agus deiseanna margaidh a aithint chun téarnamh na hearnála a chothú tar éis an tionchair uafásaigh a bhí ag COVID-19 le haghaidh na tréimhse 2020–2023. Tá sí ina ball de Bhord Thurasóireacht Éireann.



CATHERINE CORBETT

Tá breis is tríocha bliain de thaithí ar an gceannaireacht airgeadais shinsearach ag Catherine Corbett i dtionscail na seirbhísí gairmiúla. Bhí róil feidhmiúcháin shinsearacha aici, lena n-áirítear Príomh-Oifigeach Airgeadais le Deloitte Ireland agus Ceann Airgeadais le EY Ireland, áit ina raibh sí i gceannas ar mhórchláir teicneolaíochta, ar chórais, agus ar chlaochlaithe cultúir ar fud oibríochtaí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann.

Tá breis is deich mbliana de thaithí ag Caitríona mar stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin agus faoi láthair tá sí ar bhoird stáit in Éirinn agus in Albain, lena n-áirítear An Garda Síochána agus Zero Waste Scotland, áit a ndéanann sí cathaoirleacht ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is Cisteoir í freisin ar Bhord Irish Motor Neurone Disease Association.

Tar éis di am a chaitheamh ina cónaí sa Bhruiséil, i bPáras agus i Londain, tá dearcadh idirnáisiúnta fairsing ag Catherine, chomh maith le taithí fhairsing maidir le rialachas airgeadais, iniúchadh, riosca, freagracht san earnáil poiblí agus claochlú eagraíochta.



DÓNALL CURTIN

Tá Dónall Curtin ag feidhmiú mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar Fáilte Ireland, áit a bhfuil sé i mbun cathaoirleachta ar an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Clárúchán. Mar chuntasóir cairte, stiúrthóir agus eadránaí cairte, tá taithí breis is daichead bliain aige ar rialachas, iniúchadh agus riosca a bhaineann le réimsí tráchtála, seachbhrabúsacha agus leas an phobail ar fud na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus Mhór-roinn na hEorpa.

I láthair na huaire tá sé ag feidhmiú mar Chomhalta Boird Chláir na hAlban áit a bhfuil sé i mbun cathaoirleachta ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Is comhalta é freisin de Bhord Stiúrthóirí agus de Choiste Iniúchta agus Riosca Ollscoil Obar Dheathain. Tá sé ainmnithe mar stiúrthóir boird ar an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ar Choláiste na nGael i Lobháin freisin.

Nuair a bhíonn na róil seo á gcomhlíonadh aige, is saineolaí é Dónall chomh fada is a bhaineann le maoirseacht iniúchta agus riosca, lena n-áirítear dearbhú neamhspleách ar thuairiscí airgeadais, rialú inmheánach agus rialachas. Tá taithí aige ar a bheith ag obair in earnálacha agus i ndlínsí éagsúla, agus cabhrú le rialachas agus cuntasacht láidir.



AN DR DONAGH DAVERN

Tá an Dr Donagh Davern FIHI ina léachtóir san fháilteachas agus bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta Óstán. Bhain sé céim amach ó Choláiste Ósta na Sionainne agus bhainistigh sé roinnt óstán agus ionad saoire. Tá MSc sa Bhainistíocht Fáilteachais aige ó TUD agus thug sé faoi scrúduithe le go saineofaí CPA dó. Bhain sé a chéim PhD amach in Ollscoil Surrey. Tá Donagh ina léachtóir in Ollscoil Theicneolaíoch Mumhan, cuireann sé leis na meáin maidir le hábhar an fháilteachais, agus déanann sé cigireachtaí óstáin. Tá sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin do go leor eagraíochtaí agus is moltóir é le haghaidh roinnt dámhachtainí i ndáil le hóstáin agus le gnólachtaí.



JOSEPH DOLAN

Bhí Joseph Dolan ina úinéir ar Óstán Bush i gCora Droma Rúisc, óstán oidhreachta boutique le 60 seomra leapa, óstán atá aitheanta go forleathan as a chuid cleachtas um inbhuanaitheacht chomhshaoil. Is céimí de chuid NUIG é agus tá PhD agus QUB agus Dioplóma sa Straitéis Turasóireachta aige ó Ollscoil Cornell State. Tá Joe páirteach sa turasóireacht i Liatroim, bhí sé ina phríomhurraí do CLG Liatroma ar feadh naoi mbliana agus ainmníodh é mar Dhuine na Bliana i Liatroim roimhe seo. Is Stiúrthóir Tionscadal é le haghaidh Gunpowder Gin agus le haghaidh Eispéireas Cuairteora an Shed Distillery.



VIVIENNE JUPP

Bhí go leor ról ag Vivienne Jupp mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, agus faoi láthair tá sí ina Cathaoirleach ar Choillte agus Premier Lotteries Ireland agus bhí sí ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar CIÉ roimhe sin. Is comhairleoir bainistíochta í agus bhí sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda roimhe sin in Accenture. Rinne sí cathaoirleacht ar an Tascfhórsa um Théarnamh na Turasóireachta (2010–2013), agus chuir sí le feabhas mór ar líon na dturasóirí. Bhain Vivenne céimeanna BComm agus MBS amach ó Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus bronnadh Gradam an Alumnais Den Scoth uirthi ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfitt in UCD sa bhliain 2000.



AN DR ANNA M. KELLY

Dr Anna M. Is saineolaí í an Dr Anna M. Kelly ar ionchuimsitheacht agus inrochtaineacht, agus tá breis is daichead bliain de thaithí aici i réimsí an bhreisoideachais agus an ardoideachais. Bhí róil ceannaireachta sinsearaí aici in UCD, FÁS, NRB, agus i St Michael's House. Dhear Anna an tsamhail Ollscoile do Chách (University for All) in UCD, mar an chéad chlár um chlaochlú institiúide agus athrú cultúir in Éirinn, chun eispéireas oideachasúil ionchuimsitheach agus éagsúil a fhorbairt do gach mac léinn. Is Ollamh Taca comhlach í san Ionad Taighde Dearaidh Chuimsithigh na hÉireann in UCD, agus tugann sí faoi mheasúnachtaí le haghaidh Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. Gníomhaíonn Anna freisin mar Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách ar Fhondúireacht Mhuiríosa, tá sí ina ball den Bhord Eagarthóireachta don Irisleabhar 'Widening Participation and Lifelong Learning' de chuid na hOllscoile Oscailte agus déanann sí cathaoirleacht ar an Phainéal na n-Achomharc Neamhspleách um Sparánacht 1916 thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.



AN DR MATT KENNEDY

Tá Matt Kennedy (PhD) ina Cheann Domhanda ar Chlaochlú Cliant sa Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, áit a stiúrann sé tionscnaimh um chlaochlú le gnólachtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear punann de thairiscintí T&F, inbhuanaitheachta digití agus forbairt tallainne. Tá Matt ina Chomhalta (FIEMA), ina ghníomhaí timpeallacha cairte agus ina innealtóir fuinnimh agus tá breis is cúig bliana fichead de thaithí aige ar tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta aeráide agus forbartha inbhuanaithe a chur ar fáil sa rialtas, i réimse an tionscail agus sa réimse acadúil. Bhí Matt ina Phríomh-Idirbheartaí don Aontas Eorpach ag na Cainteanna um Chomhaontú Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe (COP21) agus roimhe sin bhí sé ina Chathaoirleach ar Ionad Teicneolaíochta Aeráide de chuid an UNEP. D'oibrigh Matt leis na Náisiúin

Aontaithe ar thionscadail um fhuinneamh agus iompar glan ar fud na hAfraice, na hÁise agus an Mheánoirthir agus roimhe sin bhí sé ina Cheannaire ar Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid Arup don Eoraip, áit ar stiúir sé seirbhísí athraithe aeráide i mbonneagar, i bhfoirgnimh agus i gcathracha. Tá PhD san Innealtóireacht aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá céimeanna Máistreachta aige ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin neamhspleách oilte é.



KILIAN MAXWELL

Tá ocht mbliana déag de thaithí ag Kilian Maxwell ar thionscal an taistil dhomhanda ar líne. Faoi láthair tá sé ina Cheann R-thráchtála (B2C) i Hornblower Group, ceannaire domhanda ar eispéiris uiscebhunaithe, eispéiris talamhbhunaithe, eispéiris chrúis thar oíche agus eispéiris bád farantóireachta. Stiúrann sé feidhmíocht a chuid brandaí turais Walks and Devour ar líne – lena dtáirgtear turais fhámaireachta, turais bhia agus turais lae ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh. Roimhe sin, bhí róil shinsearacha ag Kilian i Hostelworld Group Plc agus chaith sé ocht mbliana i mbun comhairleachta bainistíochta le BearingPoint agus Arthur Andersen. Tá Máistreacht sa Staidéar Gnó ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, agus céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó agus sa Fhraincis aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



DANIEL MCLOUGHLIN

Tá níos mó ná 30 bliain de thaithí ar cheannaireacht Rialtais áitiúil ag Daniel McLoughlin, lenar áiríodh mar Phríomhfheidhmeannach i gComhairlí Contae Liatroma, na hIarmhí, agus Bhaile Átha Cliath Theas. D'fhorbair sé straitéisí turasóireachta agus tionscadail ghaolmhara um bonneagar amhail An Ché agus an mhuiríne agus an clárchosán cois abhann i gCora Droma Rúisc, straitéis um Thaobh Thiar Bhaile Átha Luain, lenar áiríodh dánlann Luan agus ionad cuairteoirí an chaisleáin, eispéireas Chloigtheach Chluain Dolcáin, ionad cuairteoirí Shléibhte Bhaile Átha Cliath/Chlub Thine Ifrinn, glasbhealach na Dothra, athfhorbairt ar Staid Thamhlachta agus ainmniú Leamhcáin mar shráidbhaile ionaid turasóireachta, lenar áiríodh Teach Leamhcáin a cheannach. Tá taithí fhairsing ag Daniel ar chomhoibriú le pobail áitiúla, le leasanna gnó, agus le gníomhaireachtaí rialtais chun forbairt na Turasóireachta a phleanáil agus a chur chun cinn agus chun infheistiú inti. Tá MA agus BA sa riaracháin poiblí agus Dioplóma i mBainistiú Airgeadais ón bhForas Riaracháin aige.



ANGELA RUTTLEDGE

Tá Angela Ruttledge ina Ceann Polasaí i FoodCloud, carthanas Éireannach agus fiontar sóisialta a bhfuil gradaim bainte amach aige agus lena dtugtar aghaidh ar dhramhaíl bhia agus ar éiginnteacht bhia. Is aturnae í a bhfuil cúlra aici sa dlí airgeadais, corparáideach agus tráchtála, agus oiliúint déanta aici le William Fry agus d'oibrigh sí mar aturnae príobháidithe le misean na Náisiún Aontaithe/an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv. Tá trí bliana déag de thaithí ag Angela in earnáil an fháilteachais, agus í ina húinéir agus ina bainisteoir ar thrí bhialann, agus chaith sí deich mbliana ar bhord Chumann na mBialann in Éirinn (Restaurants Association of Ireland). Is Comhalta Eisenhower í Angela, sa Chlár Ceannaireachta Domhanda 2023.



UNA RYDER

Is Stiúrthóir Cairte agus sainchomhairleoir straitéise í Una Ryder a bhfuil breis is 30 bliain caite aici ag obair sa timpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ag tabhairt comhairle maidir leis na hearnálacha eitlíochta agus turasóireachta, agus seirbhísí gairmiúla freisin. An réimse lárnach saineolais atá aici ná margaíocht, straitéis ghnó agus branda lena n-áirítear léargas tomhaltóra, deighilt an mhargaidh, nuálaíocht táirgí agus seirbhísí agus cumarsáid mhargaíochta. Tá MBA onórach aici ó UCD, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, agus Dioplóma aici i dTreoir Cuideachtaí ó Institiúid na Stiúrthóirí. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í ar charthanas náisiúnta in earnáil an chúraim shláinte.



CATHERINE TOOLAN

Is Stiúrthóir Bainistíochta í Catherine ar Diageo Irish Brand Homes, agus is ansin atá sí freagracht as cuid de na nithe is díol spéise iad do chuairteoirí, lena n-áirítear The Guinness Storehouse, Grúdlann Guinness Open Gate, Drioglann Uisce Beatha Roe & Co, agus Eispéireas Smithwick i gCill Chainnigh. Faoina ceannas, chuir an Guinness Storehouse fáilte roimh beagnach dhá mhilliún cuairteoir in 2025 agus aithníodh é mar Phríomheispéireas Cuairteora Domhanda ag na Dámhachtainí Taistil Dhomhanda in 2023. Tá taithí fhairsing ag Catherine maidir le heispéiris faoi threoir an bhranda, imeachtaí ar mórscála, agus fáilteachas, agus bhí róil shinsearacha aici roimhe seo ag seachadadh tionscadal mór le rá, lena n-áirítear dearadh agus seachadadh seirbhísí bia agus fáilteachais ar ardchaighdeán do na lúthchleasaithe sna Cluichí Oilimpeacha Bhéising agus Londan. Le linn a gairme, bhí baint aici le heagraíochtaí domhanda agus le mórimeachtaí idirnáisiúnta, ag measadh grinneas tráchtála le príomhchúram maidir le dearadh an eispéiris, le hinbhuanaitheacht, agus le teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Le hÚdarás Fáilte Ireland, léiríonn Catherine an tuiscint iontach a bhfuil aici ar mhargaí na turasóireachta idirnáisiúnta, eispéiris cinn scríbe, agus róil an chultúir agus na cruthaitheachta agus fás inbhuanaithe na turasóireachta a chur chun cinn.

Struchtúr Rannóige

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025



Príomhstaitisticí Turasóireachta 2025

I mí an Mhárta, 2026, d'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) na sonraí ar Thaisteal Bliantúil Intíre in 2025.

TAISTEAL INTÍRE – 2025

- Rinneadh 15.3 milliún turas intíre san iomlán in 2025, laghdú -8% i gcomparáid le 2024, agus tháinig laghdú -9% ar oícheanta. Ba é €3.6 billiún an caiteachas iomlán in 2025, gan athrú i gcomparáid le 2024.
- Tháinig laghdú -1% ar líon iomlán na dturas saoire, ag 7 milliún, i gcomparáid le 2024, agus tháinig laghdú -3% ar oícheanta. Mar sin féin, tháinig méadú ar an gcaiteachas saoire in 2025 go €2.2 billiún, méadú 4% bliain ar bhliain.
- Ní raibh aon athrú ar fhad fanachta na dturas uile i gcomparáid le 2024, agus ní raibh aon athrú ar fhad fanachta saoire ach oiread.
- Rinneadh 897,000 turas gnó san iomlán in 2025, laghdú -3% ar 2024, ach d'fhás caiteachas gnó 18% sa tréimhse chéanna.
- Rinneadh 5.5 milliún turas chuig cairde/gaolta in 2025, ag titim -20% bliain ar bhliain. Tháinig laghdú freisin ar chaiteachas na ndaoine sin a thug cuairt ar theaghlaigh agus ar chairde, laghdú -22% bliain ar bhliain.

TURASÓIREACHT THAR LEAR 2025

- Chuir Éire fáilte roimh 6.7 milliún turasóir ón gcoigríoch in 2025, agus chaith siad 7.4 lá ar an meán sa tír, áit ar chaith siad €5.7 billiún (gan táillí san áireamh).
- Cé gurbh ionann Meiriceá Thuaidh (SAM agus Ceanada) agus 1.6 milliún (21%) de thurasóirí ó thar lear in 2025, ghin siad 35% den chaiteachas (gan táillí a áireamh) (€2.0bn).
- I gcodarsnacht leis sin, cé go raibh turais thar oíche ón mBreatain de 2.6 milliún freagrach as 39% de na turais, níorbh ionann caiteachas turasóirí Briotanacha ach 24% den chaiteachas, €1.4 billiún.
- Chaith breis agus 2 mhilliún Eorpach ón Mórthír oíche amháin ar a laghad in Éirinn in 2025, ag caitheamh €1.8 billiún.
- Ba iad laethanta saoire(41%) agus cuairt ar chairde/ghaolta (35%) na príomhchúiseanna le teacht go hÉirinn, agus gnó (14%) agus críocha eile ina dhiaidh sin (10%) in 2025.
- Ba iad óstáin/ionaid chomhdhála (43%) agus tithe teaghlaigh/cairde (39%) na cineálacha cóiríochta ba choitianta in 2025.

Foinse: Meastacháin Fáilte Ireland bunaithe ar Thurasóireacht Isteach ón Phríomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhé na Gníomhaireachta Tuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde ar Phaisinéirí Thuaisceart Éireann (NISRA NIPS).

Ní bhailíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh sonraí faoi thurasóirí thar lear a thagann isteach i bPoblacht na hÉireann ó Thuaisceart Éireann. Bailíonn Gníomhaireacht Tuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde na sonraí seo trína Suirbhé ar Phaisinéirí Thuaisceart Éireann agus roinneann siad iad le Fáilte Ireland. Cuirimid a meastachán le sonraí taistil isteach Na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) ar thurais thar lear thar oíche chun pictiúr níos iomláine a chruthú de thurasóirí thar lear go Poblacht na hÉireann.

Ráiteas Éifeachtúlachta Fuinnimh 2025

Leanann Fáilte Ireland de bheith ag déanamh dul chun cinn láidir maidir lena feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, i gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí um Ghníomhú ar son na hAeráide. Bunaithe ar na sonraí is déanaí (2024) atá ar fáil ó chóras faireacháin agus tuairiscithe de chuid Údaráis Fhuinnimh Inmharthana na hÉireann, tá feabhas 81.5% bainte amach ag an eagraíocht ar éifeachtúlacht fuinnimh i gcomparáid le bonnlíne 2009, rud a sháraíonn sprioc náisiúnta 2030 d'fheabhas 50% roimh an sceideal.

Léiríonn na sonraí is déanaí gurbh é 1,653,159kWh an t-ídiú fuinnimh phríomhúil iomlán, comhdhéanta de 1,247,248 kWh de leictreachas agus 405,911 kWh de bhreoslaí iontaise teirmeacha. Laghdaíodh astaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise 26% ón mbonnlíne, rud a léiríonn iarrachtaí leanúnacha chun aistriú ó chórais téimh atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise. Ar an iomlán, tá laghdú 69,8% tagtha ar astaíochtaí CO_2 ó bhonnlíne 2016–2018, rud a fhágann go bhfuil an eagraíocht ar an mbóthar ceart chun a spriocanna aeráide do 2030 a bhaint amach.

Leanann Fáilte Ireland de Chóras Bainistíochta Fuinnimh a chur i bhfeidhm atá ailínithe le Clár Gníomhaíochta um Bainistiú Fuinnimh de chuid Údaráis Fhuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le prionsabail ISO 50001, rud a chinntíonn feabhsú leanúnach ar fheidhmíocht, pleanáil struchtúrtha, agus rialachas láidir ar fud a punainne maoine. Baineann Fáilte Ireland leas freisin as creataí do sholáthar leictreachais agus gáis a fhaightear tríd an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá rátálacha deimhnithe fuinnimh thaispeána curtha i gcrích i ngach foirgneamh os cionn 250 méadar cearnach a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu.

I gcomhréir le Ciorclán 01/2020, chuir Fáilte Ireland tuairisceán CAF905, chun na hastaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil le haghaidh 2025 a fhritháireamh, faoi bhráid an Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.



Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2025

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

RIALACHAS

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (an tÚdarás) ar a dtugtar Fáilte Ireland air freisin faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 le héifeacht ó 28 Bealtaine 2003. Tá réimeas rialachais chorparáidigh glactha ag Fáilte Ireland de réir an dea-chleachtais.

Is Údarás Reachtúil é, a bunaíodh faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003. Tá bunú, feidhmeanna agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach i gCuid 2 den Acht.

Is é an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta a cheapann Údarás agus Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, agus déanann an tAire ionadaíocht don Stát mar scairshealbhóir de facto den Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

DUALGAIS AN ÚDARÁIS

- Tá freagracht oibriúcháin as reáchtáil laethúil Fáilte Ireland tarmligthe ag an Údarás don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta. Ní shaorann feidhmiú chumhacht an tarmligin an tÚdarás ón dualgas maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna tarmligthe.
- Monatóireacht ar fheidhmíocht – faigheann an tÚdarás tuarascálacha rialta ó fhoireann bhainistíochta an chomhlachta Stáit agus ó fhochoistí an Údaráis.
- Tugann an tÚdarás comhairle agus tacaíocht don Chathaoirleach, don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don Bhainistíocht.
- Tá an tÚdarás sásta leo féin go bhfuil rialuithe airgeadais agus córais bhainistíochta riosca láidir agus inchosanta.
- Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú go dtionscnaítear agus go gcuirtear i bhfeidhm córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh. Ceanglaítear ar an Údarás a dheimhniú go bliantúil don Aire ábhartha go bhfuil córas cuí rialaithe inmheánaigh (agus airgeadais) i bhfeidhm ag an gcomhlacht Stáit.
- Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás, tríd an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Clárúcháin chun caidreamh cuí a choinneáil leis na hiniúchóirí seachtracha. Cé gur féidir le hÚdarás comhlachta Stáit Coiste Iniúchta agus Riosca a bhunú chun cabhrú lena bhreithniú ar shaincheisteanna a bhaineann le hiniúchadh, rialachas agus bainistíocht riosca, coimeádann Údarás an chomhlachta Stáit freagracht as na réimsí seo go léir agus déanann sé na cinntí deiridh ina leith.
- Coinníonn an tÚdarás é féin cothrom le dáta agus eolas iomlán faoi shaincheisteanna straitéiseacha agus athruithe a théann i bhfeidhm ar an gcomhlacht Stáit agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé.
- Cinntíonn an tÚdarás go bhfaigheann comhaltaí neamhfheidhmiúcháin an Údaráis scríbhinn cheapacháin fhoirmiúil ar a gceapadh chuig an Údarás ina leagtar amach go soiléir an méid a bhfuiltear ag súil leis uathu maidir le tiomantas ama, seirbhís coiste agus rannpháirtíocht lasmuigh de chruinnithe an Údaráis.
- Féadfaidh an tÚdarás, ó am go ham, cibé coistí de chuid an Údaráis a bhunú is gá chun cabhrú leis i gcomhlíonadh a dhualgas.

FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear le hAlt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003, ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh Fáilte Ireland de bheith ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath agus as cothabháil agus sláine aon sonraí airgeadais a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Is í an Tuarascáil Bhliantúil an t-aon tuarascáil airgeadais a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, agus cinnteoidh an tÚdarás go ndéanfar athbhreithniú agus faomhadh ar an tuarascáil sin sula bhfoilseofar í ar an suíomh gréasáin.

Tá an tÚdarás freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. D'fhaomh an tÚdarás an plean agus an buiséad le haghaidh 2025 an 26 Feabhra 2025. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht phlean bliantúil 2025 de chuid an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, agus cuireadh na Príomhtháscairí Feidhmíochta deireanacha agus na torthaí buiséid i láthair don Údarás an 26 Feabhra 2026.

Tá obair agus freagrachtaí an Údaráis leagtha amach sna Téarmaí Tagartha, ina bhfuil na hábhair atá forchoimeádta go sonrach do chinneadh an Bhoird. I measc na míreanna seasta a bhreithnigh an tÚdarás tá:

- Dearbhú Leasa
- Miontuairiscí ó chruinnithe roimhe seo agus nithe ag éirí as
- Tuarascálacha ón bhfoireann feidhmiúcháin, príomhthuairiscí feidhmíochta, tuairiscí riosca agus airgeadais
- Tuarascálacha agus moltaí ó choistí
- Comhlíonadh rialachais chorparáidigh
- Ábhair fhorchoimeádta

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta amhail an 31 Nollaig 2025.

STRUCHTÚR AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus dháréag gnáthchomhaltaí atá ina gcomhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin den Údarás. Bíonn comhaltaí ina mbaill ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana, agus féadfar iad a athcheapadh ar feadh téarma amháin eile ar a mhéad. Cathaoirleach agus dháréag gnáthchomhaltaí mar seo a leanas a bhí sa bhallraíocht i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2025:

RUTH ANDREWS (CATHAOIRLEACH)
Dáta a Ceapadh
08/11/2023

KILIAN MAXWELL
Dáta a Ceapadh
19/01/2023

MATT KENNEDY
Dáta a Ceapadh
19/01/2023

DÓNALL CURTIN
Dáta a Ceapadh
12/12/2023

DANIEL MCLOUGHLIN
Dáta a Ceapadh
16/10/2024

JOSEPH DOLAN
Dáta a Ceapadh
03/10/2019
Dáta Éirí as oifig/Scor
27/05/2025

ANGELA RUTTLEDGE
Dáta a Ceapadh
19/01/2023

ANNA KELLY
Dáta a Ceapadh
16/10/2024

CATHERINE CORBETT
Dáta a Ceapadh
16/10/2024

CATHERINE TOOLAN
Dáta a Ceapadh
19/01/2023

VIVIENNE JUPP
Dáta a Ceapadh
19/01/2023

UNA RYDER
Dáta a Ceapadh
16/10/2024

DONAGH DAVERN
Dáta a Ceapadh
16/10/2024

Rinne an tÚdarás agus a chuid Coistí athbhreithniú ar a n-éifeachtacht i mí na Nollag 2025. Cuireadh na torthaí i láthair don Údarás i mí Feabhra 2026.

Tá na coistí seo a leanas bunaithe ag an Údarás:

- An Coiste Iniúchta, Riosca agus Clárúcháin, ar a bhfuil Cathaoirleach agus beirt chomhaltaí eile ar a laghad, ar comhaltaí Údaráis neamhfheidhmiúcháin iad go léir.
- An Coiste um Luach Saothair, ar a bhfuil Cathaoirleach agus beirt chomhaltaí eile ar a laghad, agus iad go léir ina gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Údarás.
- An Coiste Infheistíochta, ar a bhfuil Cathaoirleach agus ar a laghad beirt chomhaltaí eile faoi láthair, agus iad go léir ina gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Údarás.

SCEIDEAL LÍON NA GCRUINNITHE A BHFREASTALAÍODH ORTHU SA BHLIAIN DAR CHRÍOCH 2025

	Údarás	An Coiste Iniúchta, Riosca agus Clárúchán	Coiste Infheistíochta	An Coiste um Luach Saothair
Ruth Andrews (Cathaoirleach)	10/10		1*	4/4
Joe Dolan	2/3		1/4	
Kilian Maxwell	10/10		7/8	
Matt Kennedy	8/10		7/8	
Angela Ruttledge	8/10		6/8	
Catherine Toolan	9/10	5/7		
Vivienne Jupp	5/10			1/4
Dónall Curtin	9/10	7/7		2/4
Una Ryder	9/10		8/8	
Anna Kelly	10/10			3/4
Daniel McLoughlin	10/10		8/8	4/4
Catherine Corbett	9/10	7/7		
Donagh Davern	9/10	7/7		
Líon iomlán na gCruinnithe	**10**	**7**	**8**	**4**

* I láthair mar bhreathnóir

TÁILLÍ DO CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS DON TRÉIMHSE

(féach nóta 12 leis na Ráitis Airgeadais)

PRÍOMHATHRUITHE PEARSANRA

Tá athruithe ar chomhaltaí an Údaráis le fáil ar leathanach 64 den Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis faoi Struchtúr an Údaráis.

NOCHTAÍ A ÉILÍTEAR FAOIN GCÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Fáilte Ireland ceanglais Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin I mí Lúnasa 2016.

Ceanglaítear na nithe seo a leanas a nochtadh faoin gCód:

MIONDEALÚ AR SHOCHAIR GHEARRTHÉARMACHA D'FHOSTAITHE

(féach ar nóta 8 leis na Ráitis Airgeadais)

COSTAIS CHOMHAIRLIÚCHÁIN

(féach ar nóta 11 leis na Ráitis Airgeadais)

Níor tabhaíodh aon chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Nochtar caiteachas a thabhaítear maidir le comhairle ghinearálta a fhaigheann Fáilte Ireland mar chuid de chostais chomhairleachta (féach ar nóta 11 leis na ráitis airgeadais).

Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026

Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

CAITEACHAS TAISTIL AGUS COTHAITHE

(féach nóta 9 leis na Ráitis Airgeadais)

CAITEACHAS FÁILTEACHAIS

(féach nóta 10 leis na Ráitis Airgeadais)

RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Tá an tÚdarás tar éis an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) a ghlacadh chuige féin, agus tá nósanna imeachta agus athbhreithnithe curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht a fhorálacha a chinntiú. Dearbhaíonn Cathaoirleach an Údaráis, i dtuarascáil ar leith a chuirtear ar fáil gach bliain don Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, gur comhlíonadh riachtanais aonair an Chóid.

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais
An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta

TUAIRIM CHÁILITHE AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann* agus áirítear leo

- ráiteas an ghrúpa ar ioncam agus caiteachas
- ráiteas an ghrúpa ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais
- ráiteas an Údaráis ar staid airgeadais
- ráiteas an ghrúpa ar athruithe ar chothromas
- ráiteas an ghrúpa ar shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, seachas neamhchomhlíonadh riachtanais an FRS 102 maidir le haitheantas do shócmhainn mhaoinithe sochair scoir iarchurtha le haghaidh ceann amháin de na scéimeanna pinsin (mínithe thíos), tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar acmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta ar an 31 Nollaig 2025 agus ar a chuid ioncaim agus a chuid caiteachais don bhliain 2025 i gcomhréir le FRS 102.

BUNÚS NA TUAIRIME CÁILITHE AR RÁITIS AIRGEADAIS

Léiríonn ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais go raibh glandliteanais de €96.6 milliún ag an ngrúpa ag deireadh na bliana. In ainneoin sin, mhínigh an tÚdarás i nóta 28 an bonn ar a measann sé go bhfuil sé cuí glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Neamh-aitheantas sócmhainne pinsin

Mar a mhínítear níos iomláine sna beartais chuntasaíochta, feidhmíonn an tÚdarás ceithre scéim pinsin. Nochtann ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais na hoibleagáidí sochair scoir fabhraithe iomlána faoi na ceithre scéim amhail an 31 Nollaig 2025 arbh fhiú €221.7 milliún iad (2024: €255.4 milliún).

Tá ráthaíochtaí reachtúla socraithe maidir le maoiniú íocaíochtaí pinsin amach anseo le haghaidh trí cinn de na scéimeanna pinsin. Mar thoradh air sin, aithníonn ráitis airgeadais an ghrúpa sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha de €92.9 milliún i leith na dtrí scéim sin.

Meastar gurb ionann na glanoibleagáidí sochair scoir faoi scéim aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (ÚNFT/NTDA) amhail an 31 Nollaig 2025 agus €128.8 milliún. Ní aithníonn na ráitis airgeadais sócmhainn maoinithe iarchurtha maidir leis an scéim sin ar an mbonn go measann an tÚdarás nár cuireadh ráthaíocht reachtúil nó ráthaíocht eile ar fáil dó maidir

le maoiniú na scéime seo amach anseo. I mo thuairim, ba chóir go n-aithnítear sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha maidir leis an scéim pinsin sin i gcomhréir leis na cleachtais chuntasaíochta atá glactha go forleathan in Éirinn.

Measaim go bhfuil aitheantas do shócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha i leith scéim aoisliúntais an ÚNFT bunaithe ar

- fhoráil reachtúil a dhéanamh i dtaobh scéim aoisliúntais an ÚNFT a bhunú
- an beartas agus an cleachtas bunaithe maidir le hoibleagáidí sochair scoir na seirbhíse poiblí a mhaoiniú ar bhonn íoc mar a úsáidtear
- riachtanas na scéime go bhfuil ranníocaíochtaí fostaí de dhíth
- nádúr phróiseas na meastachán bliantúil faoina gcinntear maoiniú Stáit don Údarás.

Éifeachtaí airgeadais an neamhchomhlíonta le FRS102

Léiríonn ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais an 31 Nollaig 2025 go sáraíonn dliteanais iomlána an Údaráis (lena n-áirítear dliteanais phinsin) a shócmhainní iomlána, agus go raibh glandliteanais de €96.6 milliún aige. Más rud é gur aithin na ráitis airgeadais sócmhainn mhaoinithe sochair scoir iarchurtha maidir le scéim aoisliúntais an ÚNFT (i.e. €128.8 milliún), ansin d'fhoilseodh ráiteas an ghrúpa ar staid airgeadais go raibh glansócmhainní de €32.2 milliún ag an Údarás ar 31 Nollaig 2025.

Bunús an iniúchta

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (CII/ISA) arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na bhForas Iniúchóireachta Uachtarach. Tá cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam chun bonn a chur le mo thuairim.

TUAIRISC AR FHAISNÉIS SEACHAS NA RÁITIS AIRGEADAIS, AGUS AR ÁBHAIR EILE

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an Údarás mar aon leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairiscíú agam ina leith sin.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2026

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis, tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúil san fhoirm arna fhorordú faoi alt 27 Acht an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 a ullmhú
- ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102 a chinntiú
- rialtacht na n-idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht úsáide bhonn chuntasaíochta ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- an méid sin rialuithe inmheánacha agus is gá chun gur féidir ráitis airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha, mar gheall ar chalaois nó ar bhotún, a ullmhú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus tuairisc a thabhairt orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir le míráiteas a eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ina n-aonar nó ina n-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéantar ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAs, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha na ráitis airgeadais, mar gheall ar chalaois nó ar bhotún; nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a dhéanamh a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchta a fháil atá leordhóthanach agus oiriúnach chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach mar a bhaineann sé leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta atá oiriúnach do na cúinsí a dhearadh, ach nílim chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta atá in úsáid agus réasúntacht meastacháin cuntasaíochta agus nochtaí gaolmhara a mheas.

- Déanaim cinneadh ar oiriúnacht úsáide an bhoinn chuntasaíochta ghnóthais leantaigh, agus bunaithe ar fhianaise bailithe san iniúchadh, ar an bhféidearthacht go bhfuil éiginnteacht ábharaí ann maidir le himeachtaí agus le coinníollacha gur féidir amhras a chaitheamh ar chumas an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a chur faoi deara go scoirfidh an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta mar ghnóthas leantach.
- Déanaim leagan amach iomlán, struchtúr agus ábhar na ráitis airgeadais a mheas, na nochtaí san áireamh, agus an ndéanann na ráitis airgeadais léiriú cothrom ar na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh.

Déanaim cumarsáid leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, scóip agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe uile a bhí ag teastáil do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun ligean dom iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go héasca agus i gceart, nó
- nach réitíonn na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim aon chonclúid dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dó déanamh amhlaidh, a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más dealraitheach go bhfuil míráiteas ábhartha ann ar shlí eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtugaim de thátal as go bhfuil míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile seo, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má shainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an mbealach a seoladh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí beartaithe nó nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chaomhnú agus a fheidhmiú. Cuirtear ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú san áireamh sa fhreagracht sin(2016).

AIDHM AN CHÓRAIS RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Tá an córas rialaithe inmheánaigh beartaithe chun riosca a bhainistiú go leibhéal ar féidir glacadh leis seachas deireadh a chur leis. Ní féidir leis an gcóras, dá bhrí sin, ach ráthaíocht réasúnta, seachas ráthaíocht iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, i bhfeidhm san Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

AN CUMAS CHUN RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá Coiste Iniúchta, Riosca agus Clárúchán ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta ar a bhfuil ceathrar comhaltaí den Údarás. Tá saineolas airgeadais agus iniúchta ábhartha ag Cathaoirleach an Choiste. Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iniúchta, Riosca agus Clárúchán in 2025, agus reáchtáil sé trí chruinniú shainchuspóireacha eile le linn na bliana. Tá feidhm bhunaithe iniúchta inmheánaigh ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, a bhfuil a dhóthain acmhainní aici agus a reáchtálann clár oibre arna chomhaontú leis an gCoiste. Chuir an Feidhmeannas, an Coiste Iniúchta Riosca agus Clárúchán agus an tÚdarás beartas bainistíochta riosca agus creat inghlacthachta riosca i bhfeidhm ina leagtar amach a n-inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca an Údaráis, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an eagraíocht, agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an Feidhmeannas agus an Coiste

Iniúchta, Riosca agus Clárúchán an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ag gach cruinniú sceidealaithe de chuid an Choiste Iniúchta, Riosca agus Clárúchán, (gan cruinnithe sainchuspóireacha a chur san áireamh), agus déanann an tÚdarás athbhreithniú agus nuashonrú ar bhonn ráithiúil, ag cruinnithe ábhartha an Údaráis. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus na freagrachtaí as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- go bhfuil nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- gur sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú,
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú,
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha, rialú imleor ar cheadú deontas a chinntiú agus monatóireacht agus athbhreithniú ar dheonaithe, lena chinntiú go bhfuil maoiniú deontais curtha i bhfeidhm don chuspóir a bhí beartaithe.

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás nuair is ábhartha, go tráthúil.

Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibríocht na bpríomhrialaithe sin agus aon easpaí aitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais tugtha, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta den fheidhmíocht thráthrialta agus bhliantúil agus cuireann siad le chéile tuairiscí airgeadais a chuireann feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhfhaisnéis.

SOLÁTHAR

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú agus gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin i rith 2025, seachas i gcás eachtra amháin.

Sa chás sin, leanadh nós imeachta trí-phraghas-luaite do chaiteachas faoi €50,000. Bunaithe ar an gcaitheamh réamh-mheasta agus ar na praghsanna luaite a fuarthas, ba cheart gurbh ionann an costas measta agus €7,662. Mar sin féin, b'ionann an sonrasc deiridh agus €7,766, costas a chuaigh €104 thar an luach ceadaithe. Mheabhraigh Fáilte Ireland don fhoireann an tábhacht a bhaineann le réamhaisnéisiú agus pleanáil bheacht a dhéanamh ar chaiteachais agus chun a chinntiú go léiríonn próisis soláthair an fíorchaitheamh measta.

ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Fáilte Ireland, an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchta, Riosca agus Clárúchán a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an ardbhainistíocht laistigh den eagraíocht atá freagracht as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe inmhéanaigh, le monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2025 agus go ndearna an Bord an t-athbhreithniú sin a fhaomhadh an 24 Márta 2026.

SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Ní raibh aon saincheisteanna rialaithe inmheánaigh ann in 2025 a d'éiligh nochtadh a dhéanamh sna ráitis airgeadais seachas an t-ábhar thuas faoi sholáthar.



Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026



Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam agus Caiteachas

don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000 Athshonraithe
IONCAM			
Deontais Oireachtais Infhaighte	2	216,719	219,058
Ioncam Eile	3	6,305	3,913
Fochuideachta – Ioncam Cíosa	18	9	6
Glanmhaoiniú sochair scoir iarchurtha sa bhliain	27 (D)	3,724	2,877
Ioncam Iomlán		**226,757**	**225,854**
CAITEACHAS			
Costais Oibriúcháin Ghinearálta:			
Cláir Aitheantais (Slí an Atlantaigh Fhiáin, Baile Átha Cliath, Oirthear Ársa na hÉireann, Croílár Ceilte na hÉireann)	4	55,722	43,851
Margaíocht agus Forbairt Gnó	5	22,194	19,735
Cláir Forbartha Náisiúnta	6	20,347	18,715
Forbairt Oibríochtaí	7	13,346	12,904
Pá	8	50,927	48,921
Fochuideachta – Costais Riaracháin	18	51	45
Turasóireacht Éireann CTR – Íocaíochtaí Deontais	2	76,852	79,279
Caiteachas Iomlán		**239,439**	**223,450**
(Easnamh)/Barrachas Roimh Leithreasaí		(12,682)	2,404
Leas Neamhurlámhais – Fochuideachta		11	11
Aistriú (Chuig)/(Ó) Cúlchistí Caipitil	22	(2,329)	(2,609)
(Easnamh) Tar Éis Leithreasuithe		**(15,000)**	**(194)**

Tabhair faoi deara: Tá €10.8m san áireamh san easnamh €15m a tuairiscíodh don bhliain, figiúr a eascraíonn as athrú ar bheartas cuntasaíochta do dheontais chaipitiúla iníoctha, beartas nach n-aithnítear caiteachas deontais chaipitiúil faoi ach amháin nuair atá gach coinníoll comhlíonta deimhnithe. Cé go méadaítear caiteachas don bhliain reatha leis an athrú sin, déantar fritháireamh air sin go hiomlán trí ardú comhfhreagrach de €10.8m ar chúlchistí tosaigh i ndiaidh iarmhéideanna na bliana roimhe a athshonrú, agus mar thoradh air sin níl aon ghlantionchar ar stádas airgeadais foriomlán na heagraíochta.

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 30.

Ruth Andrews

Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026

Dónall Curtin

Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

Ráiteas an Ghrúpa ar Ioncam Cuimsitheach

don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000 Athshonraithe
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain		(15,000)	(194)
GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHA AR SCÉIMEANNA PINSIN			
Gnóthachan/(Caillteanas) ó Thaithí ar dhliteanais scéime pinsin	27 (B)	**6,278**	**(5,775)**
Gnóthachan/(Caillteanas) de bharr athruithe ar thoimhdí	27 (B)	33,795	4,141
GNÓTHACHAN/(CAILLTEANAS) ACHTÚIREACH		**40,073**	**(1,634)**
OIRIÚNACHT AR AN SÓCMHAINN UM CHISTE SOCHAIR SCOIR IARCHURTHA	27 (B)	(16,635)	(870)
Glanchoigeartú Iarchurtha Pinsin		23,438	(2,504)
Gnóthachan/(Caillteanas) Iomlán Aitheanta don Bhliain		**8,438**	**(2,698)**

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 30.

Ruth Andrews

Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026

Dónall Curtin

Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

Ráiteas an Ghrúpa ar Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000 Athshonraithe
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	13	18,962	20,195
Sócmhainní Doláimhsithe	15	11,873	8,353
Sócmhainní Airgeadais	17	60	60
Réadmhaoin Infheistíochta	16	111	111
		31,006	**28,719**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		2	3
Infháltais	19	4,014	2,375
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	20	9,054	26,319
		13,070	**28,697**
Iníoctha: Suimeanna Dlite Laistigh de Bhliain Amháin	21	(11,848)	(15,070)
GLAN SÓCMHAINNÍ REATHA		**1,222**	**13,627**
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		**32,228**	**42,346**
Sócmhainn Mhaoinithe Sochar Scoir Iarchurtha	27 (D)	92,871	105,781
Oibleagáidí Sochair Scoir	27 (C)	(221,662)	(255,446)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		**(96,563)**	**(107,319)**
IONADACH AR			
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe/(Easnamh)		(126,388)	(134,826)
Cuntas Caipitil	22	29,435	27,106
		(96,953)	(107,720)
LEAS NEAMHURLÁMHAIS		**390**	**401**
		(96,563)	**(107,319)**

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 30.

Ruth Andrews

Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026

Dónall Curtin

Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

Ráiteas an Údaráis ar Staid Airgeadais

amhail an 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000 Athshonraithe
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	13	17,393	18,584
Sócmhainní Doláimhsithe	15	11,873	8,353
Sócmhainní Airgeadais	17	58	58
Réadmhaoin Infheistíochta	16	111	111
		29,435	**27,106**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardail		2	3
Infháltais	19	4,008	2,373
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	20	9,054	26,319
		13,064	**28,695**
Iníoctha: Suimeanna Dlite Laistigh de Bhliain Amháin	21	(11,840)	(15,066)
GLAN SÓCMHAINNÍ REATHA		**1,224**	**13,629**
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA ROIMH PHINSIN		**30,659**	**40,735**
Sócmhainn Mhaoinithe Sochar Scoir Iarchurtha	27 (D)	92,871	105,781
Oibleagáidí Sochair Scoir	27 (C)	(221,662)	(255,446)
SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA TAR ÉIS PINSEAN		**(98,132)**	**(108,930)**
IONADACH AR			
Cúlchistí Ioncaim Choinnithe/(Easnamh)		(127,567)	(136,036)
Cuntas Caipitil	22	29,435	27,106
		(98,132)	**(108,930)**

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 30.

Ruth Andrews

Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026

Dónall Curtin

Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

Ráiteas an Ghrúpa ar Athruithe ar Chothromas

don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2025

	Ráiteas faoin gCuntas Ioncaim & Caiteachais €'000	Caipitil €'000	Leas Neamh Urlámhais €'000	IOMLÁN €'000
Ar 01 Eanáir 2024	(140,960)	24,497	412	(116,051)
Coigeartú ar an mBeartas Cuntasaíochta (cúlghabhálach)	8,832	–	–	8,832
Iarmhéid tosaigh athshonraithe	(132,128)	–	–	(107,219)
Barrachas Coinnithe do 2024 – athshonraithe	2,404	–	–	2,404
Barrachas/(Easnamh) Fochuideachta Coinnithe do 2024	11	–	(11)	–
Aistriú Ó/(Chuig) Cúlchistí Caipitil	(2,609)	–	–	(2,609)
Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó Íocaíochtaí Caipitiúla a Mhaoiniú	–	7,660	–	7,660
Amúchadh ar aon dul le Dímheas	–	(5,051)	–	(5,051)
Ioncam Cuimsitheach Eile – Pinsean	(2,504)	–	–	(2,504)
Ar 31 Nollaig 2024 – Athshonraithe	**(134,826)**	**27,106**	**401**	**(107,319)**
Easnamh Coinnithe do 2025	(12,682)	–	–	(12,682)
Barrachas/(Easnamh) Fochuideachta Coinnithe do 2025	11	–	(11)	–
Aistriú Ó/(Chuig) Cúlchistí Caipitil	(2,329)	–	–	(2,329)
Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach nó Íocaíochtaí Caipitiúla a Mhaoiniú	–	8,144	–	8,144
Amúchadh ar aon dul le Dímheas	–	(5,815)	–	(5,815)
Ioncam Cuimsitheach Eile – Pinsean	23,438	–	–	23,438
Ar 31 Nollaig 2025	**(126,388)**	**29,435**	**390**	**(96,563)**

Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 30.

Ruth Andrews

Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026

Dónall Curtin

Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

Ráiteas an Ghrúpa ar Shreabhadh Airgid

don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025

	Nótaí	2025 €'000	2024 €'000 Athshonraithe
GLANSREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
(Easnamh)/Barrachas Tar Éis Leas Neamhurlámhais		(15,000)	(194)
Leas Neamhurlámhais		(11)	(11)
Glanchaiteachas Sochair Scoir Iarchurtha		2,565	2,523
Dímheas ar Réadmhaoin, Ghléasra agus Threalamh	13	1,620	1,815
Dímheas ar Shócmhainní Doláimhsithe	15	3,952	3,278
Díscríobh ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh, Sócmhainní Doláimhsithe		–	–
Aistriú chuig/(ó) Chuntas Caipitil	22	2,329	2,609
Ús Bainc a Fuarthas		–	–
(Brabús)/Caillteanas ar Dhíol Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh	22	285	–
Fáltais ó Dhíol Réadmhaoine		–	–
(Méadú)/Laghdú ar Infháltais	19	(1,639)	(1,073)
Méadú/(Laghdú) ar Iníoctha	21	(3,222)	2,749
(Méadú)/Laghdú ar Fhardail		–	–
Glan-Insreabhadh/Eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**(9,121)**	**11,696**
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a Fháil	22	(672)	(1,695)
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Doláimhsithe a Fháil	22	(7,472)	(5,965)
Glan-Insreabhadh/Glan-Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		**(8,144)**	**(7,660)**
SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE			
Ús Bainc a Fuarthas		–	–
Glan-insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		**–**	**–**
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim		(17,265)	4,036
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag Tús na Bliana		**26,319**	**22,283**
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag Deireadh na Bliana	20	**9,054**	**26,319**

Ruth Andrews

Ruth Andrews
Cathaoirleach
26 Meitheamh 2026

Dónall Curtin

Dónall Curtin
Comhalta Údaráis
26 Meitheamh 2026

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

An bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025z

1 BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar glacadh leo sna ráitis airgeadais seo:

EOLAS GINEARÁLTA AGUS COINBHINSIÚN CUNTAIS

Bunaíodh Fáilte Ireland faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003. Áirítear ar a phríomhfheidhmeanna mar a shonraítear sa reachtaíocht:

- Spreagadh, cur chun cinn agus tacú le forbairt tráchta turasóireachta laistigh agus chuig an stát agus tacú le fiontair agus tionscadail ina leith seo.
- Earcaíocht, oiliúint agus oideachas agus forbairt daoine a spreagadh, a chur chun cinn agus tacú leo chun críche fostaíochta le tionscal na turasóireachta.
- Taighde agus pleanáil a chur chun cinn agus dul ina bhun.
- Cláir áiseanna cóiríochta a bhunú agus a choinneáil.
- Eintiteas Tairbhe Poiblí is ea Fáilte Ireland.

RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Fáilte Ireland don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2025 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (CTA). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta, 2003. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais Fáilte Ireland.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Léiríonn na deontais a léirítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais na méideanna infhaighte i leith na tréimhse. Is trí Fáilte Ireland a mhaoinítear gach maoiniú Deontas Oireachtais do Thurasóireacht Éireann CTR. Tarlaíonn ioncam deontais iarchurtha nuair nach mbíonn caiteachas pleanáilte maidir leis na deontais a fuarthas tabhaithe faoi dheireadh na bliana.

DEONTAIS INÍOCTHA

Le linn 2025, d'athraigh an eagraíocht a beartas cuntasaíochta maidir le haitheantas caiteachais deontais. Aithníodh caiteachas deontais sa tréimhse inar seiceáladh agus inar deimhníodh an caiteachas go hiomlán agus gur comhlíonadh coinníollacha sonraithe na tairisceana deontais.

Tarlaíonn an t-ioncam réamhíoctha nuair a fhaigheann Fáilte Ireland ioncam táillí roimh an tréimhse lena mbaineann. Féach nóta 29.

IONCAM EILE

Aithnítear gach ioncam, seachas ioncam cíosa, nuair is dócha go sreabhfaidh an sochar eacnamaíoch a bhaineann leis an idirbheart chuig an nGrúpa agus nuair is féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaofa. Aithnítear ioncam cíosa de réir méid cothrom thar théarma an léasa ábhartha.

AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Meastar gur euro é airgeadra feidhmiúil agus cur i láthair na máthairchuideachta agus an ghrúpa toisc gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíoch ina bhfeidhmíonn siad.

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain. Áirítear gnóthachain agus caillteanais mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a thiontú go euro ag rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe agus áirítear gnóthachain agus caillteanais dá bharr sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH AGUS DÍMHEAS

Sonraítear Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh faoin tsamhail chostais ag costas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais bhearnaithe carntha. Áirítear leis an gcostas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a thabhairt chuig an suíomh agus an riocht is gá le go mbeidh sí in ann feidhmiú ar an modh atá beartaithe ag an mbainistíocht.

Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta le suim ghlanluacha mhíre de shócmhainní seasta an costas a bhaineann le cuid de mhír den sórt sin a athsholáthar nuair a thabhaítear an costas sin, má táthar ag súil go gcuirfidh an pháirt athsholáthair sochair incriminteacha amach anseo don Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Cuirtear deisiúcháin agus cothabháil de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais le linn na tréimhse ina dtabhaítear iad.

Gearrtar dímheas chun costas na sócmhainní lúide a luach iarmharach a leithdháileadh thar na saolta úsáideacha measta, ag baint úsáid de réir méid cothrom ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos.

Talamh:	0%
Trealamh Ríomhaireachta:	33⅓% De réir méid cothrom
Daingneáin agus Feistis:	20% De réir méid cothrom
Trealamh Ginearálta:	20% De réir méid cothrom
Áitribh faoi Úinéireacht:	2% De réir méid cothrom
Áitribh ar Léas:	% De Réir Méid Cothrom thar thréimhse an léasa

Déantar luachanna iarmharacha, saolréanna úsáideacha agus modhanna dímheasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más cuí, nó má thugtar le fios go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an dáta tuairiscithe deiridh.

Déantar Sócmhainní Oidhreachta a thaifeadadh ag costas lúide dímheas agus déantar iad a shonrú ar leithligh i Nóta 14 faoi Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh – Sócmhainní Oidhreachta.

SÓCMHAINNÍ SEASTA DOLÁIMHSITHE

Luaitear Sócmhainní Seasta Doláimhsithe faoin tsamhail chostais ag costas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais bhearnaithe carntha, nuair atá an tsócmhainn ar fáil dá húsáid bheartaithe. Áirítear sa chostas stairiúil caiteachas atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne a ullmhú dá húsáid bheartaithe. I gcás ina mbaineann na costais le sócmhainn nach bhfuil ar fáil don úsáid atá beartaithe di, coinneofar an costas ag an gcostas stairiúil agus ní dhéanfar é a dhímheas go dtí go mbeidh sé ar fáil don úsáid a bheartaítear di.

Gearrtar dímheas chun costas na sócmhainní lúide a luach iarmharach a leithdháileadh thar na saolta úsáideacha measta, ag baint úsáid as an modh de réir méid cothrom ag an ráta bliantúil 33⅓%.

Déantar luachanna iarmharacha, saolréanna úsáideacha agus modhanna dímheasa na sócmhainní a athbhreithniú, agus a choigeartú go hionchasach más cuí, nó má thugtar le fios go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an dáta tuairiscithe deiridh.

Cuimsíonn sócmhainní doláimhsithe an Údaráis gach costas inchurtha go díreach is gá chun an tsócmhainn a chruthú, a tháirgeadh agus a ullmhú le bheith in ann feidhmiú ar an modh atá beartaithe ag an mbainistíocht. Áirítear leis na sócmhainní seo forbairt ar shuíomh gréasáin, costais ghrianghraf/físeáin, chruthaitheachta agus ábhair.

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Cuimsítear le Sócmhainní Infheistíochta talamh agus foirgnimh a bhfuil luach taitneamhachta amháin acu, agus luaitear iad ag costas stairiúil.

Déantar réadmhaoin infheistíochta ar féidir luach cóir a thomhas ina leith go hiontaofa gan chostas nó iarracht mhíchuí ar bhonn leanúnach a thomhas ag luach cóir gach bliain agus aithnítear aon athrú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar sócmhainní infheistíochta atá ar díol a athluacháil ag a bpraghas díola ionchais.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Áirítear le Sócmhainní Airgeadais leasanna cothromais i roinnt eintiteas mar a shonraítear i Nóta 17. Léirítear na sócmhainní seo ag costas lúide bearnú seachas ag luacháil mar nach bhfuil luacháil praiticiúil mar gheall ar nádúr na n-infheistíochtaí agus mar:

(a) níl aon phraghsanna luaite ar fáil do shócmhainní comhionanna ar mhargadh gníomhach

(b) níl aon phraghsanna ar idirbhearta le déanaí ar shócmhainní comhionanna agus

(c) níl aon mhodh ann chun praghas idirbhirt a chinneadh bunaithe ar mhalartú ar neamhthuilleamaí arna spreagadh ag gnáthchúinsí gnó.

Ina theannta sin, sháródh an costas a bhaineann le luacháil na sócmhainní an tairbhe a baineadh amach agus níl aon rún ann na hinfheistíochtaí sin a dhiúscairt sa todhchaí intuartha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil gach bliain chun maoiniú caipitil na heagraíochta, léasanna airgeadais san áireamh, a chur ar chomhchéim le glanluach leabhar a sócmhainní.

INFHÁLTAIS

Ní bhíonn eilimint shuntasach maoinithe in infháltais agus déantar iad a thomhas ag a bpraghas idirbhirt ar an aitheantas tosaigh. Déantar athbhreithniú ar infháltais le haghaidh táscairí lagaithe agus díscríobhtar drochfhiacha sa tréimhse ina dtagann siad chun cinn.

FARDAIL

Déantar fardail a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

Déantar athbhreithniú ar mhéid tugtha anonn na bhfardal le haghaidh táscairí lagaithe ag gach dáta tuairiscithe. Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Gearrtar cíos a íoctar faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn dronlíneach thar thréimhse an léasa.

SOCHAIR FOSTAITHE

(A) Sochair Scoir

Feidhmíonn an tÚdarás scéimeanna sochair shainithe trí cheithre scéim neamhspleácha éagsúla, eadhon:

- * (CERT Roimhe Seo) Plean Pinsin Ranníocach agus Sochar Báis (dúnta d'iontrálaithe nua)
- * Scéim Pinsin na hEagraíochta Turasóireachta Réigiúnaí (dúnta d'iontrálaithe nua)
- * Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (dúnta d'iontrálaithe nua don earnáil phoiblí)
- Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí
- * Maoinítear trí cinn de na scéimeanna go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta agus ó ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na foirne. Is í an ceathrú scéim, a mhaoinítear freisin ar bhonn íoc mar a úsáidtear, ná an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair. Déantar gach ranníocaíocht fostaithe a bhailítear a chur ar ais ar bhonn míosúil chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

(CERT roimhe seo) Plean Pinsin Ranníocach agus Sochar Báis (dúnta d'iontrálaithe nua)

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a léiriú. Faoin Acht nuair nach leor comhiomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí agus Fáilte Ireland leis an scéim chun oibleagáidí Fáilte Ireland a chomhlíonadh maidir lena oibleagáidí pinsin a íoc de réir na scéime, déanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin aon easnamh as cistí a sholáthróidh an tOireachtas a shlánú.

Scéim Pinsin na hEagraíochta Turasóireachta Réigiúnaí (dúnta d'iontrálaithe nua)

Aithnítear sócmhainn chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a léiriú. Faoin Acht nuair nach leor comhiomlán ranníocaíochtaí na gcomhaltaí agus Fáilte Ireland leis an scéim chun oibleagáidí Fáilte Ireland a chomhlíonadh maidir lena oibleagáidí pinsin a íoc de réir na scéime, déanfaidh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin aon easnamh as cistí a sholáthróidh an tOireachtas a shlánú.

Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (dúnta d'iontrálaithe nua don earnáil phoiblí)

In 2014, d'iarr an tÚdarás dearbhú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin go raibh feidhm ag forálacha comhchosúla leo siúd atá san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 maidir le Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Fuair an tÚdarás deimhniú, cé nach bhfuil aon ráthaíocht fhollasach ann go gcuirfear cistí ar fáil i gcónaí, go nglacann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis gur toimhde réasúnach é leanúint le maoiniú Státchiste do chomhlachtaí ábhartha maoinithe ag an Státchiste a bhfuil cuntais fabhraithe agus íoc-mar-scéimeanna le déanamh acu. Toisc nach dtugann sé seo cinnteacht don Údarás go soláthróidh an tOireachtas aon easnamh sa chiste, dá réir amhail ar an 31 Nollaig 2013 leasaigh an tÚdarás a bheartas cuntasaíochta chun gan sócmhainn a aithint a thuilleadh i leith an dliteanais iarchurtha don Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta.

Níl aon sócmhainn chomhfhreagrach aitheanta do Scéim Aoisliúntais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta toisc nach ndéantar tagairt don scéim sa reachtaíocht thuas.

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair)

Feidhmíonn Fáilte Ireland an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair), arb í an scéim sochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. Foráiltear le hAlt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 do mhaoiniú íocaíochtaí pinsin de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí as an bPríomh-Chiste nó as cistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críche sin.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse. Taispeántar na costais glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn Fáilte Ireland agus a úsáidtear chun an dliteanas pinsin foriomlán don bhliain a ghlanadh ach amháin na ranníocaíochtaí le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, agus íoctar ranníocaíochtaí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin ar bhonn míosúil. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais agus sócmhainní scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach don phlean pinsin ranníocach agus sochar báis (CERT roimhe seo), scéim pinsin na nEagraíochtaí Turasóireachta Réigiúnacha agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair sa mhéid is inghnóthaithe ón Státchiste chun forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 a léiriú.

Léiríonn Oibleagáidí Sochair Scoir luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag baill na scéimeanna go dtí seo. Tá dliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2025 arna luacháil ag achtúire neamhspleách agus úsáid á baint as modh an aonaid réamh-mheasta.

(B) Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an mbainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansais i rith na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

Lagú ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh agus ar Shócmhainní Doláimhsithe agus Dímheas

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta le haghaidh bearnaithe nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh sé nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe don mhéid a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála cibé acu is airde de luach cóir sócmhainne lúide costas díola agus luach úsáide. Chun bearnú a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag na leibhéil is ísle a bhfuil sreafaí airgid inaitheanta go leithleach (aonaid ghiniúna airgid). Déantar athbhreithniú ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing lagú le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mbainistíocht ar shaolréanna sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí sócmhainní seasta go léir agus tá siad tar éis teacht ar an gconclúid go bhfuil saolta sócmhainní agus luachanna iarmharacha oiriúnach.

Oibleagáid Sochair Scoir

